# AN tAONTAS EORPACH

**PARLAIMINT NA hEORPA** | **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 11 Nollaig 2013**
**(OR. en)**

**2011/0294 (COD)**
**LEX 1407**

**PE-CONS 42/3/13**
**REV 3**

**TRANS 316**
**ECOFIN 533**
**ENV 546**
**RECH 265**
**CODEC 1403**

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE TREOIRLÍNTE AN AONTAIS CHUN AN GRÉASÁN TRAS-EORPACH IOMPAIR A FHORBAIRT AGUS LENA n-AISGHAIRTEAR CINNEADH UIMH. 661/2010/AE**

**RIALACHÁIN (AE) Uimh. …/2013**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 11 Nollaig 2013**

**maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE**

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 172 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

---

1 IO C 143, 22.5.2012, lch. 130.
2 IO C 225, 22.7.2012, lch. 150.
3 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2013 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil agus cinneadh ón gComhairle an 5 Nollaig 2013 .

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Ar mhaithe le soiléire, athmhúnlaíodh Cinneadh Uimh. 1692/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] trí Chinneadh Uimh. 661/2010/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2].

(2) Cuidíonn pleanáil, forbairt agus oibriú na ngréasán tras-Eorpach iompair le príomhchuspóirí an Aontais a bhaint amach, faoi mar a leagtar amach iad, inter alia, in Straitéis Eoraip 2020 agus sa Pháipéar Bán ón gCoimisiún dar teideal "Treochlár um Limistéar Eorpach Iompair Aonair - I dtreo córas iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní" ("an Paipéar Bán"), amhail feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh agus neartú ar an gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach. Áirítear freisin ar a gcuspóirí sonracha soghluaiseacht rianúil, shábháilte agus inbhuanaithe daoine agus earraí a bhaint amach, inrochtaineacht agus nascacht a áirithiú do réigiúin uile an Aontais, agus lena gcuideofar le fás agus le hiomaíochas breise eacnamaíoch i gcomhthéacs domhanda. Ba cheart na cuspóirí sonracha sin a bhaint amach trí idirnaisc agus idir-inoibritheacht a bhunú idir gréasáin náisiúnta iompair ar bhealach atá tíosach ar acmhainní agus ar bhealach inbhuanaithe. Mar shampla, d'fhéadfaí idir-inoibritheacht iarnróid a fheabhsú trí réitigh nuálacha lena ndíreofaí ar chomhoiriúnacht idir córais a fheabhsú, amhail trealamh ar bord agus rianta il-leithead iarnróid.

---

1 Cinneadh Uimh. 1692/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 1996 maidir le treoirlínte Comhphobail chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt (IO L 228, 9.9.1996, lch.1.).

2 Cinneadh Uimh. 661/2010/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt (IO L 204, 5.8.2010, p. 1).

(3) I ngeall ar an bhfás ar mhéid an tráchta tá méadú tagtha ar an mbrú tráchta san iompar idirnáisiúnta. Chun soghluaisteacht idirnáisiúnta phaisinéirí agus earraí a áirithiú, ba cheart acmhainn an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair agus úsáid na hacmhainne sin a bharrfheabhsú agus, nuair is gá, é a fhairsingiú trí scrogaill bhonneagair a bhaint agus an bhearna a líonadh idir naisc bhonneagair atá in easnamh laistigh de na Ballstáit agus eatarthu, agus, i gcás inarb iomchuí, le tíortha comharsanacha, agus an chaibidlíocht leantach leis na tíortha arb iarrthóirí iad agus na tíortha a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí á cur san áireamh.

(4) Mar a dhearbhaítear sa Pháipéar Bán, is féidir éifeachtúlacht agus éifeachtacht an iompair a fheabhsú go mór trí chomhtháthú módach níos fearr a áirithiú ar fud an ghréasáin, i dtéarmaí bonneagair, shreabha na faisnéise agus nósanna imeachta.

(5) Sa Pháipéar Bán iarrtar faisnéis a bhaineann le hiompar agus le teicneolaíocht cumarsáide a úsáid chun bainistiú tráchta feabhsaithe agus comhtháite a áirithiú agus chun nósanna imeachta riaracháin a shimpliú trí lóistíocht lasta níos fearr, trí rianú agus lorgaireacht lasta, agus trí thráthchláir bharrfheabhsaithe agus sreabha tráchta barrfheabhsaithe. Toisc go gcuireann na bearta sin bainistiú agus úsáid éifeachtúil bonneagair iompair chun cinn, ba cheart go dtiocfaidís faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

(6) Ní foláir a chur san áireamh i mbeartas an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair an forás atá tagtha ar bheartais iompair agus ar úinéireacht an bhonneagair. Is iad na Ballstáit fós an príomheintiteas atá i gceannas ar an mbonneagar iompair a chruthú agus a chothabháil. Anois, áfach, tá eintitis eile ábhartha freisin, lena n-áirítear comhpháirtithe na hearnála príobháidí, i dtaobh gréasán ilmhódach tras-Eorpach iompair a chur chun feidhme, agus i dtaobh na n-infheistíochtaí lena mbaineann, lena n-áirítear údaráis réigiúnacha agus áitiúla, bainisteoirí bonneagair, lamhaltóirí nó údaráis chalafort agus aerfort.

(7) Bonneagar atá bunaithe cheana atá sa ghréasán tras-Eorpach iompair den chuid is mó. Chun cuspóirí bheartas nua an ghréasáin iompair thras-Eorpaigh a bhaint amach ina n-iomláine, ba cheart ceanglais aonfhoirmeacha maidir leis an mbonneagar a bhunú i Rialachán a bheidh le comhlíonadh ag bonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair.

(8) Ba cheart an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt trí bhonneagar nua iompair a chruthú, tríd an mbonneagar iompair atá ann cheana a athshlánú agus a uasghrádú agus trí bhearta lena gcuirtear chun cinn a úsáid ar bhealach a bheidh tíosach ar acmhainní. I gcásanna sonracha, de bharr easpa cothabhála rialta san am a caitheadh, is gá an bonneagar iarnróid a athshlánú. Is próiséas é an t-athshlánú a mbíonn de thoradh air go n-athbhunaítear na paraiméadair bhunaidh tógála de shaoráidí bhonneagair an iarnróid atá ann cheana, maille le feabhas a chur ar a gcáilíocht go fadtéarmach i gcomparáid leis an mbail atá anois orthu, i gcomhréir le cur i bhfeidhm cheanglais agus fhorálacha an Rialacháin seo.

(9) Agus tionscadail leasa choitinn á gcur chun feidhme, ba cheart aird chuí a thabhairt ar chúinsí sonracha an tionscadail ar leith lena mbaineann. Ba cheart, más féidir, sineirgí le beartais eile a shaothrú, le gnéithe den turasóireacht, mar shampla, trí bhonneagar rothar do raonta rothaíochta fadachair a chuimsiú laistigh de struchtúir innealltóireachta sibhialta amhail droichid nó tolláin, mar a rinneadh leis na bealaí EuroVelo.

(10) Is fearr a d'fhorbrófaí an gréasán tras-Eorpach iompair trí struchtúr déchisealach, ina mbeidh gréasán cuimsitheach agus croíghréasán bunaithe ar mhodheolaíocht choiteann agus thrédhearcach, arb ionann an dá chiseal sin agus an leibhéal pleanála bonneagair is airde laistigh den Aontas.

(11) Ba cheart gur gréasán tras-Eorpach iompair a bheadh sa ghréasán cuimsitheach, lena n-áiritheofaí inrochtaineacht agus nascacht gach réigiúin san Aontas, na réigiúin iargúlta, na hoileáin agus na réigiúin is forimeallaí san áireamh, a fhearacht sin de chuspóir a shaothraigh an Beartas Muirí Comhtháite a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], agus lena neartófaí an comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch idir na réigiúin sin. Ba cheart na ceanglais maidir le bonneagar an ghréasáin chuimsithigh a shocrú sna treoirlínte a leagtar síos leis an Rialachán seo ("na treoirlínte"), chun forbairt ghréasáin d'ardcháilíocht a chur chun cinn ar fud an Aontais faoi 2050.

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2011 lena mbunaítear Clár chun tacú le Beartas Muirí Comhtháite a fhorbairt tuilleadh (IO L 321, 5.12.2011, lch.1).

(12) Admhaítear sa Pháipéar Bán freisin go bhfuil eisréimneachtaí substaintiúla fós ann, i dtéarnaí bonneagair iompair, idir codanna an Oirthir agus codanna an Iarthair den Aontas. Ba cheart dul i ngleic leis na heisréimneachtaí sin chun gréasán bonneagair Eorpach iompair atá comhtháite go hiomlán a bhaint amach.

(13) Ba cheart an croíghréasán a shainaithint agus ba cheart bearta iomchuí a ghlacadh lena fhorbairt faoi 2030 mar thosaíocht laistigh den chreat a sholáthraítear tríd an ngréasán cuimsitheach. Ba cheart go mbeadh an croíghréasán ina chuid lárnach d'fhorbairt ghréasáin ilmhódaigh inbhuanaithe iompair, agus ba cheart go spreagfadh sé forbairt an ghréasáin chuimsithigh uile ar fad. Ba cheart go bhféadfadh an tAontas gníomhú dá bhíthin chun díriú ar na comhpháirteanna sin den ghréasán tras-Eorpach iompair a bhfuil an breisluach Eorpach is airde acu, go háirithe codanna trasteorann, naisc atá in easnamh, pointí ceangail ilmhódacha agus príomhscrogaill agus go bhfónfaí leis don chuspóir, a leagtar amach sa Pháipéar Bán, maidir le hastaíochtaí gáis cheaptha teasa ón iompar a laghdú le 60 % faoi bhun leibhéil 1990 faoi 2050..

(14) Ba cheart go bhféadfaí díolúintí ó na ceanglais bhonneagair is infheidhme maidir leis an gcroíghréasán a dheonú i gcásanna cuí-réasúnaithe. Ba cheart a áireamh orthu sin cásanna nach féidir údar cuí a thabhairt i leith infheistíochta, mar shampla, i limistéir inar tearc an daonra.

(15) Ba cheart cás sonrach na ngréasán iargúlta iarnróid nó na ngréasán iarnróid atá iargúlta go páirteach, a aithint trí dhíolúintí ó cheanglais áirithe bhonneagair a dheonú.

(16) Nuair atá athbhreithniú á dhéanamh aige ar chur chun feidhme an chroíghréasáin in 2023, ba cheart don Choimisiún na pleananna náisiúnta cur chun feidhme agus na méaduithe a dhéanfar sa todhchaí a chur san áireamh.

(17) Ní chumhdaítear leis an ngréasán tras-Eorpach iompair ach cuid de na gréasáin iompair atá ann cheana féin. I gcreat an athbhreithnithe ar chur chun feidhme an chroíghréasáin faoi 2023, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh, i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann, cé acu ar cheart nó nár cheart codanna eile, amhail uiscebhealaí intíre áirithe d'aicme III, a chomhtháthú sa ghréasán. I gcomhthéacs an athbhreithnithe sin, ba cheart don gCoimisiún dul chun cinn na dtionscadal a mheasúnú freisin agus, nuair is gá, ba cheart go mbeadh sé in ann athmhachnamh a dhéanamh ar na spriocdhátaí, agus aon fhorbairtí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an ndóchúlacht go gcuirfí na spriocdhátaí sin i gcrích á gcur san áireamh.

(18) Agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar chun chun feidhme an chroíghréasáin faoi 2023, ba cheart don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit, méasúnú a dhéanamh i dtaobh cé acu an gcuimseofar nó nach gcuimseofar codanna eile sa ghréasán, go háirithe na tionscadail ardtosaíochta a áirítear i gCinneadh Uimh. 661/2010/AE.

(19) Chun an croíghréasán a bhunú ar bhealach comhordaithe tráthúil, lena bhféadfaí sochair na ngréasán a uasmhéadú, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann a áirithiú go nglactar na bearta is iomchuí le go dtabharfar na tionscadail leasa choitinn chun críche faoi 2030. Maidir leis an ngréasán cuimsitheach, ba cheart do na Ballstáit na hiarrachtaí uile is féidir a dhéanamh agus é mar aidhm acu é a thabhairt chun críche agus cloí le forálacha ábhartha na dtreoirlínte faoi 2050.

(20) Ta sé riachtanach go ndéanfaí tionscadail leasa choitinn a shainaithint a chuideoidh leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a chur i gcrích agus a chuideoidh leis na cuspóirí a bhaint amach agus a chomhfhreagraíonn do na tosaíochtaí arna mbunú sna treoirlínte. Ba cheart go mbraithfeadh a gcur chun feidhme ar a aibíocht is atá siad, ar a mhéid a chomhlíonann siad nósanna imeachta dlíthiúla de chuid an Aontais agus nósanna imeachta dlíthiúla náisiúnta agus ar infhaighteacht acmhainní airgeadais, gan dochar do ghealltanais airgeadais ó Bhallstát nó ón Aontas.

(21) Ba cheart breisluach Eorpach a thaispeáint i dtionscadail leasa choitinn. Is gnách go mbíonn breisluach ard Eorpach ag roinnt le tionscadail trasteorann, ach b'fhéidir éifeachtaí eacnamaíocha díreacha níos ísle a bheith acu i gcomparáid le tionscadail ar tionscadail náisiúnta amháin iad. Ba cheart go mbeadh tionscadail trasteorann den sórt sin ina n-ábhar d'idirghabháil ag an Aontas ar bhonn tosaíochta d'fhonn a áirithiú go gcuirfí chun feidhme iad.

(22) Ba cheart tionscadail leasa choitinn a lorgaítear maoiniú ón Aontas ina leith a bheith faoi réir anailíse costais/sochair agus socheacnamaíche bunaithe ar mhodheolaíocht aitheanta, agus na sochair agus na costais ábhartha don tsochaí, don eacnamaíocht agus don aeráid á gcur san áireamh. Ba cheart an anailís ar na costais agus na sochair a bheidh ann don aeráid agus don chomhshaol a bheith bunaithe ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a chuirtear i gcrích de bhun Threoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

---

**1** Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch.1 ).

(23) D'fhonn rannchuidiú leis na spriocanna aeráide maidir le laghdú, ar spriocanna iad atá sa Pháipéar Bán maidir le hIompar agus lena bhféachtar le laghdú 60 % a dhéanamh in astaíochtaí gáis cheaptha teasa faoi bhun leibhéal 1990 faoi 2050, ba cheart measúnú a dhéanamh ar an tionchar gáis cheaptha teasa atá ag tionscadail leasa choitinn i bhfoirm bonneagar iompair atá nua, a fhadaítear nó a uasghrádaítear.

(24) Déanann gníomhairí eile seachas na Ballstáit roinnt codanna den ghréasán a bhainistiú. Tá na Ballstáit freagrach, áfach, as a áirithiú go gcuirfear na rialacha lena rialaítear an gréasán i bhfeidhm i gceart laistigh dá gcríoch féin. Ós rud é gur gá an Rialachán seo a chur i bhfeidhm go coitianta chun gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus a chur chun feidhme, ba cheart go mbeadh gach cuid den ghréasán faoi réir chearta agus oibleagáidí dá bhforáiltear leis an Rialachán seo, chomh maith leis na cinn a leagtar síos i ndlí ábhartha eile de chuid an Aontais agus dlí ábhartha eile náisiúnta..

(25) Is gá comhar le tíortha comharsanacha agus le tríú tíortha chun nasc agus idir-inoibritheacht idir na gréasáin bhonneagair faoi seach a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tionscadail leasa choitinn a chur chun cinn leis na tíortha sin nuair is iomchuí.

(26) Chun comhtháthú módach a chur i gcrích ar fud an ghréasáin, ní foláir pleanáil iomchuí a dhéanamh ar an ngréasán tras-Eorpach iompair. Is é atá i gceist leis seo freisin ná go gcuirfear chun feidhme ceanglais shonracha ar fud an ghréasáin i dtéarmaí bonneagair, feidhmchláir teileamaitice, trealaimh agus seirbhísí. Is gá, dá bhrí sin, úsáid iomchuí agus chomhbheartaithe na riachtanas sin a áirithiú ar fud na hEorpa i gcás gach modha iompair agus le haghaidh a n-idirnasc ar fud an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair agus lastall de sin, chun na sochair a bhaineann le héifeacht an ghréasáin a fháil agus chun go bhféadfar oibríochtaí éifeachtúla tras-Eorpacha iompair fadraoin a bheith ann.

(27) Chun na bonneagair iompair atá ann cheana agus atá beartaithe don ghréasán cuimsitheach agus don chroíghréasán a chinneadh, ba cheart léarscáileanna a sholáthar agus a choigeartú le himeacht ama chun forbairt na sreabh tráchta a chur san áireamh. Is é córas idirghníomhach faisnéise geografaí agus teicniúla don ghréasán tras-Eorpach iompair (TENtec) bonn teicniúil na léarscáileanna sin, córas ina bhfuil sonraí níos mine i dtaobh bhonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair.

(28) Ba cheart tosaíochtaí a shocrú sna treoirlínte ionas go bhféadfar an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt laistigh den amscála arna shonrú.

(29) Tá gá le feidhmchláir teileamaitice chun bunús a thabhairt le haghaidh oibríochtaí tráchta agus iompair agus sábháilteacht tráchta a bharrfheabhsú agus chun seirbhísí gaolmhara a fheabhsú. Ba cheart faisnéis do phaisinéirí, lena n-áirítear faisnéis maidir le córais ticéadaithe agus áirithinte, a sholáthar i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 454/2011[1].

(30) Ba cheart foráil a dhéanamh sna treoirlínte maidir leis an ngréasán cuimsitheach i nóid uirbeacha a fhorbairt, i gcomhréir le haidhmeanna an Aontais maidir le soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe, mar gurb ionann na nóid sin agus pointe tosaigh nó ceann scríbe deireanach ('last mile') le haghaidh paisinéirí agus lasta atá ag gluaiseacht ar an ngréasán tras-Eorpach iompair agus is pointí aistrithe iad idir modhanna difriúla iompair.

(31) A bhuíochas dá mhórscála, ba cheart don ghréasán tras-Eorpach iompair an bonn a sholáthar le haghaidh teicneolaíochtaí nua agus nuálaíocht a úsáid ar mhórscála, rud, mar shampla, ar féidir leis cuidiú le héifeachtúlacht fhoriomlán na hearnála iompair Eorpaí a fheabhsú agus a lorg carbóin a laghdú. Cuideoidh an méid sin le spriocanna Straitéis Eoraip 2020 agus cuspóir an Pháipéir Bháin astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú 60 % faoi 2050 (bunaithe ar leibhéil 1990) agus ag an am céanna cuidiú leis an gcuspóir, mar atá, slándáil an tsoláthair bhreosla a mhéadú don Aontas. D'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart go gcuirfí feabhas ar infhaighteacht breoslaí glana malartacha ar fud an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. Ba cheart go mbeadh infhaighteacht na mbreoslaí glana malartacha bunaithe ar an éileamh a bheadh ann ar na breoslaí sin agus níor cheart go mbeadh aon cheanglas ann rochtain a chur ar fáil ar gach breosla glan malartach ag gach stáisiún breosla.

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 454/2011 ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2011 maidir le sonraíochtaí teicniúla d'idir-inoibritheacht a bhaineann leis an bhfochóras 'feidhmchláir teileamaitice i gcomhair seirbhísí paisinéirí' den chóras tras-Eorpach iompair (IO L 123, 12.5.2011, lch.11) .

(32) Ba cheart don ghréasán tras-Eorpach iompair ilmhódúlacht éifeachtúil a áirithiú chun go bhféadfar roghanna módacha níos fearr agus níos inbhuanaithe a dhéanamh do phaisinéirí agus do lasta agus chun go bhféadfar méideanna móra a chomhdhlúthú i gcás aistrithe fadraoin. Beidh an ilmhódúlacht níos tarraingtí do phaisinéirí, d'úsáideoirí agus do lasta-sheoltóirí ó thaobh an gheilleagair, dá bharr sin.

(33) Chun bonneagar iompair d'ardcháilíocht agus éifeachtúil a chur i gcrích ar fud na modhanna uile, ba cheart slándáil agus sábháilteacht gluaiseachtaí paisinéirí agus lasta, an difear d'athrú aeráide agus tionchar an athraithe aeráide agus tionchar tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine a d'fhéadfadh a bheith ar bhonneagar agus inrochtaineacht d'úsáideoirí iompair uile a áireamh i bhforbairt an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair.

(34) Agus pleanáil bhonneagair á déanamh, ba cheart go dtabharfadh Ballstáit agus tionscnóirí eile tionscadal aird chuí ar na measúnuithe riosca agus ar na bearta oiriúnaithe lena bhfeabhsófar go leordhóthanach an tseasmhacht i gcoinne an athraithe aeráide agus tubaistí comhshaoil.

(35) Ba cheart go ndéanfadh na Ballstáit agus tionscnóirí eile tionscadal measúnú comhshaoil ar phleananna agus ar thionscadail mar a fhoráiltear i dTreoir 92/43/CEE ón gComhairle[1], i dTreoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], i dTreoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], i dTreoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] agus i dTreoir 2011/92/AE chun iarmhairtí diúltacha ar an gcomhshaol a sheachaint, nó, nuair nach bhfuil sé indéanta iad a sheachaint, na hiarmhairtí diúltacha ar an gcomhshaol a mhaolú nó a chúiteamh, amhail ilroinnt an tírdhreacha, séalú ithreach agus truailliú uisce agus aeir chomh maith le torainn agus chun bithéagsúlacht a chosaint ar bhealach éifeachtach.

(36) Ba cheart cosaint an chomhshaoil agus na bithéagsúlachta, chomh maith le riachtanais straitéiseacha iompair ar uiscebhealaí intíre, a chur san áireamh.

(37) Ba cheart do na Ballstáit agus do thionscnóirí eile tionscadal a áirithiú go gcuirfear measúnuithe ar thionscadail leasa choitinn i gcrích go héifeachtúil agus moilleadóireacht, nach bhfuil aon ghá léi, a sheachaint.

---

1 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nadúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch.7)

2 Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

3 Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol a mheasúnú (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30).

4 Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

(38) Le bonneagar iompair, ba cheart soghluaiseacht rianúil agus inrochtaineacht do na húsáideoirí uile a chur chun cinn, go háirithe do dhaoine scothaosta, do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus do phaisinéirí faoi mhíchumas.

(39) Ba cheart do na Ballstáit measúnuithe ex-ante a chur i gcrích ar a inrochtana atá bonneagar agus na seirbhísí a bhaineann leis.

(40) Ba cheart go mbeadh an croíghréasán ina fhothacar den ghréasán cuimsitheach atá á fhorleagan. Ba cheart na nóid agus na naisc is tábhachtaí den ghréasán tras-Eorpach iompair ó thaobh straitéise de a bheith ann, de réir riachtanas tráchta. Ba cheart é a bheith ilmhódach, sin le rá, gur cheart go n-áireofaí ann na modhanna iompair go léir agus a naisc, chomh maith le córais ábhartha tráchta agus bainistithe faisnéise.

(41) Sainaithníodh an croíghréasán ar bhonn modheolaíochta oibiachtúla pleanála. Leis an modheolaíocht sin táthar tar éis na nóid uirbeacha, na calafoirt agus na haerfoirt, chomh maith le pointí trasnaithe teorann is tábhachtaí, a shainaithint. Tá na nóid sin nasctha le naisc ilmhódacha, nuair is féidir, fad atá siad inmharthana ó thaobh an gheilleagair, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus indéanta go dtí 2030. Leis an modheolaíocht sin táthar tar éis idirnascacht gach Ballstáit agus lánpháirtíocht na bpríomhoileán sa chroíghréasán a áirithiú.

(42) Chun an croíghréasán a chur chun feidhme laistigh den amscála atá leagtha síos, d'fhéadfaí cur chuige conaire a úsáid mar ionstraim chun tionscadail éagsúla a chomhordú ar bhonn trasnáisiúnta agus chun forbairt na conaire a shioncrónú, agus, ar an dóigh sin, bheadh an sochar is mó is féidir á bhaint amach don ghréasán. Níor cheart go mbreathnófaí ar an ionstraim sin mar bhunús le tosaíocht a thabhairt do thionscadail áirithe sa chroíghréasán. Ba cheart go gcuideodh conairí croíghréasáin le bonneagar an chroíghréasáin a fhorbairt sa tslí is go dtabharfaí aghaidh ar scrogaill, go gcuirfí le naisc trasteorann agus go bhfeabhsófaí éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht. Ba cheart go gcuideoidís leis an gcomhtháthú trí chomhar críochach níos fearr.

(43) Ba cheart go ndíreodh conairí croíghréasáin freisin ar chuspóirí beartais iompair níos leithne agus idir-inoibritheacht, comhtháthú módach agus oibríochtaí ilmhódacha a éascú. Leis sin, ba cheart conairí sainfhorbartha a bheith ann atá barrfheabhsaithe i dtéarmaí astaíochtaí, agus ar an gcaoi sin íoslaghdófar iarmhairtí ar an gcomhshaol agus méadófar ar an iomaíochas, agus conairí atá tarraingteach freisin mar gheall ar a n-iontaofacht, an brú tráchta teoranta a bhíonn orthu agus a gcostais ísle oibrithe agus riaracháin. Ba cheart go mbeadh cur chuige na conaire trédhearcach agus soiléir agus níor cheart go mbeadh mar thoradh ar bhainistiú conairí den sórt sin méadú ró-mhór ar chostais riaracháin nó ar ualaí riaracháin.

(44) Ba cheart go n-eascódh na Comhordaitheoirí Eorpacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo, i gcomhaontú leis an mBallstát lena mbaineann, bearta chun an struchtúr ceart rialachais a dhearadh agus chun na foinsí maoinithe a shainaithint, idir phoiblí agus phríobháideach, le haghaidh tionscadal casta trasteorann do gach conair chroíghréasáin. Ba cheart go n-éascódh Comhordaitheoirí Eorpacha an cur chun feidhme comhordaithe le haghaidh chonairí an chroíghréasáin.

(45) Is ról ríthábhachtach atá ag na Comhordaitheoirí Eorpacha i dtaca leis an gcomhar, agus leis an bhforbairt, feadh na gconairí.

(46) Ba cheart go mbeadh conairí an chroíghréasáin i gcomhréir leis na conairí lasta iarnróid a bunaíodh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus ar an bPlean Imscartha Eorpach le haghaidh an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) dá bhforáiltear i gCinneadh 2009/561/CE ón gCoimisiún[2].

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le gréasán Eorpach iarnróid i gcomhair lasta iomaíoch (IO L 276, 20.10.2010, lch. 22).

2 Cinneadh 2009/561/CE ón gCoimisiún an 22 Iúil 2009 lena leasaítear Treoir 2006/679/CE maidir le cur chun feidhme na sonraíochta teicniúla d'idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras rialuithe-orduithe agus comharthaíochta an ghnáthchórais iarnróid thras-Eorpaigh. (IO L 194, 25.7.2009, lch. 60).

(47) Chun an chomhsheasmhacht idir na treoirlínte agus clárphleanáil na n-ionstraimí ábhartha airgeadais atá ar fáil ar leibhéal an Aontais a uasmhéadú, ba cheart go gcomhlíonfadh maoiniú an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair an Rialachán seo agus go mbunófaí é, go háirithe, ar Rialachán (AE) Uimh. …[*] /2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. Dá réir sin, ba cheart díriú ar mhaoiniú ó ionstraimí ábhartha inmheánacha agus seachtracha amhail cistí struchtúracha agus comhtháthaithe, Saoráid Infheistíochta na Comharsanachta (NIF) agus an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA)[2], agus maoiniú ón mBanc Eorpach Infheistíochta, ón mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha agus ó institiúidí eile airgeadais a ailíniú agus a chomhcheangal.

---

[*] IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá i ndoic. PE-CONS 76/13 agus comhlánaigh fonóta 1.

[1] Rialachán (AE) Uimh .../13 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an... lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán Uimh. 680/2007 agus Rialachán Uimh. 67/2010 (IO L …).

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1085/2006 ón gComhairle an 17 Iúil 2006 lena mbunaítear Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) (IO L 210, 31.7.2006, lch. 82).

(48) Chun na léarscáileanna atá in Iarscríbhinn I a thabhairt cothrom le dáta chun athruithe a d'fhéadfadh teacht as úsáid iarbhír ghnéithe áirithe den bhonneagar iompair arna n-ainailísiú i bhfianaise thairseach réamhbhunaithe cainníochtúil, ba cheart go ndéanfaí an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE"), faoi réir Airteagal 172 de, a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le leasuithe ar Iarscríbhinn I agus ar Iarscríbhinn II. Tá sé an-tábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúchán oiriúnach le linn na réamhoibre, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á ndréachtú aige, a áirithiú go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.

(49) Ba cheart go gcuirfí san áireamh go hiomchuí leasanna údarás réigiúnach agus áitiúil, chomh maith le leasanna an tsochaí shibhialta áitiúil a mbíonn tionchar ag tionscadal leasa choitinn uirthi, nuair atá na tionscadail sna fonsaí tógála agus pleanála.

(50) Tugtar deiseanna do gheallsealbhóirí cuidiú le cuspóirí an Rialacháin seo a chur i gcrích trí na creata Eorpacha agus náisiúnta le haghaidh bonneagar iompair a phleanáil agus a chur chun feidhme, chomh maith le seirbhísí iompair a sholáthar. Is bealach an-mhaith é an t-ionstraim nua le haghaidh chur chun feidhme an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair i.e. conairí croíghréasáin chun cumais éagsúla gheallsealbhóirí a bhaint amach, chun an comhar a chur chun cinn eatarthu agus chun comhlántacht a neartú le gníomhaíochtaí ó Bhallstáit.

(51) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha do chur chun feidhme an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

(52) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, go háirithe an gréasán tras-Eorpach iompair a bhunú agus a fhorbairt go comhordaitheach, a bhaint amach go leordhóthanach toisc gur gá na cuspóirí sin a chomhordú, agus gur fearr is féidir é sin a dhéanamh ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(53) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Uimh. 661/2010/AE a aisghairm.

(54) Ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm lá i ndiaidh lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* chun go gceadófaí glacadh tráthúil na ngníomhartha tarmligthe agus na ngníomhartha cur chun feidhme faoin Rialachán seo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

# CAIBIDIL I
# PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

*Airteagal 1*
*Ábhar*

1. Leis an Rialachán seo, bunaítear treoirlínte chun gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt a mbeidh struchtúr déchisealach aige ina mbeidh an gréasán cuimsitheach agus an croíghréasán,agus an cróighréasán sin á bhunú ar bhonn an ghréasáin chuimsithigh. Leis an Rialachán seo, sainaithnítear tionscadail leasa choitinn agus sonraítear na ceanglais atá le comhlíonadh chun bonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a bhainistiú.

2. Leis an Rialachán seo, sainaithnítear tionscadail leasa choitinn agus sonraítear na ceanglais atá le comhlíonadh chun bonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a bhainistiú.

3. Leagtar amach sa Rialachán seo na tosaíochtaí maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt.

4. Déantar foráil leis an Rialachán seo do bhearta chun an gréasán tras-Eorpach iompair a chur chun feidhme. Braitheann cur chun feidhme na dtionscadal leasa choitinn ar mhéid aibíochta na dtionscadal, ar chomhlíonadh nósanna imeachta dlíthiúla an Aontais agus nósanna imeachta dlíthiúla náisiúnta agus ar infhaighteacht acmhainní airgeadais, gan dochar do ghealltanas airgeadais ó Bhallstát nó ón Aontas.

*Airteagal 2*

*Raon Feidhme*

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair faoi mar a thaispeántar é sna léarscáileanna atá in Iarscríbhinn I. Is éard atá sa ghréasán tras-Eorpach iompair bonneagar iompair agus feidhmchláir teileamaitice chomh maith le bearta lena gcuirtear chun cinn bainistiú éifeachtúil bonneagair den sórt sin agus úsáid éifeachtúil bhonneagair den sórt sin agus lena gceadaítear seirbhísí iompair inbhuanaitheacha agus éifeachtúla a bhunú agus a oibriú.

2. Bonneagar an chórais thras-Eorpaigh iompair, is é atá ann an bonneagar d'iompar iarnróid, iompar ar uiscebhealaí intíre, iompar de bhóthar, iompar muirí, aeriompar agus d'iompar ilmhódach, mar a chinntear sna codanna ábhartha de Chaibidil II.

*Airteagal 3*

*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'tionscadal leasa choitinn' aon tionscadal a dhéantar de bhun cheanglais an Rialacháin seo agus i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo;

(b) ciallaíonn 'tír chomharsanach' tír a thagann faoi raon feidhme Bheartas Comharsanachta na hEorpa, lena n-áirítear an Chomhpháirtíocht Straitéiseach, an Beartas um Méadú, agus an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó Comhlachas Saorthrádála na hEorpa;

(c) ciallaíonn 'tríú tír' aon tír chomharsanach nó aon tír eile lena bhféadfaidh an tAontas comhoibriú chun na cuspóirí atá beartaithe sa Rialachán seo a bhaint amach;

(d) ciallaíonn 'breisluach Eorpach' luach tionscadail a dtagann feabhas suntasach ar naisc iompair nó ar shreabha iompair idir na Ballstáit dá bharr, de bhreis ar an luach a d'fhéadfadh a bheith ann don Bhallstát ar leith sin faoi seach, ar féidir é sin a léiriú trí thagairt d'fheabhsuithe san éifeachtúlacht, san inbhuanaitheacht, san iomaíochas nó sa chomhtháthú, agus ag cloí leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4;

(e) ciallaíonn 'bainisteoir bonneagair' aon chomhlacht nó aon ghnóthas atá freagrach, go háirithe, as bonneagar iompair a bhunú nó a chothabháil. Féadfar bainistiú córas um rialú bonneagair agus bainistiú córas slándála a áireamh sa mhéid sin freisin;

(f) ciallaíonn 'feidhmchláir teileamaitice' córais a úsáideann faisnéis, cumarsáid, teicneolaíochtaí loingseoireachta nó suite/logánaithe chun bonneagar, soghluaisteacht agus trácht ar an ngréasán tras-Eorpach iompair a bhainistiú go héifeachtach agus chun seirbhísí breisluacha a sholáthar do shaoránaigh agus d'oibreoirí, lena n-áirítear seirbhísí chun úsáid a bhaint as an ngréasán ar bhealach sábháilte, slán, fónta ó thaobh an chomhshaoil de agus éifeachtúil ó thaobh acmhainne de. Féadfaidh siad freisin fearais ar bord a áireamh, ar an gcuntar gur cuid de chóras doroinnte iad ina bhfuil comhpháirteanna comhfhreagracha bonneagair. Áirítear orthu na córais, teicneolaíochtaí agus seirbhísí dá dtagraítear i bpointí (ga) go (l);

(g) ciallaíonn 'córas cliste iompair' (ITS) córas mar a shonraítear i dTreoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1];

(h) ciallaíonn 'córas um bainistiú aerthráchta' córas mar a shonraítear i Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus sa Mháistirphlean Eorpach um Bainistiú Aerthráchta (BAT) mar a shonraítear i Rialachán (CE) Uimh. 219/2007 ón gComhairle[3];

---

1 Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a úsáid i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadan le modhanna eile iompair (IO L 207, 6.8.2010, lch. 1).

2 Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le hidir-inoibritheacht an ghréasáin Eorpaigh um Bainistiú Aerthráchta (an Rialachán maidir le hidir-inoibritheacht) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 26).

3 Rialachán (CE) Uimh. 219/2007 ón gComhairle an 27 Feabhra 2007 maidir le Comhghnóthas chun glúin nua an chórais Eorpaigh um bainistiú aerthráchta (SESAR) a fhorbairt (IO L 64, 2.3.2007, lch. 1).

(i) ciallaíonn 'Córais Faireacháin agus Faisnéise um Thrácht Árthach' (VTMIS) córais a úsáidtear chun faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar thrácht agus ar mhuiriompar, agus úsáid á baint as faisnéis ó Chórais Sainaitheanta Uathoibríche Long (AIS), Sainaithint agus Lorgaireacht Fadraoin Long (LRIT) agus córais radair cois cósta agus cumarsáid raidió dá bhforáiltear i dTreoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], agus áirítear leis seo na córais náisiúnta um fhaisnéis mhuirí a chomhtháthú trí SafeSeaNet;

(j) ciallaíonn 'Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann (RIS)' teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide ar uiscebhealaí intíre mar a shonraítear i dTreoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2];

(k) ciallaíonn 'ríomhsheirbhísí muirí' seirbhísí a úsáideann ardteicneolaíochtaí idir-inoibritheacha faisnéise in earnáil an mhuiriompair chun nósanna imeachta riaracháin a shimpliú agus chun an tríchur tráchta lasta a éascú ar muir agus i limistéir chalafoirt, lena n-áirítear seirbhísí fuinneoige aonair amhail an fhuinneog chomhtháite mhuirí aonair mar a fhoráiltear i dTreoir 2010/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], córais phobail chalafort agus córais faisnéise chustaim lena mbaineann;

---

[1] Treoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal (IO L 255, 30.9.2005, lch. 152).

[2] Treoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal (IO L 255, 30.9.2005, lch. 152).

[3] Treoir 2010/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le foirmiúlachtaí tuairiscithe le haghaidh long atá ag teacht isteach i gcalafoirt na mBallstát agus/nó ag imeacht ó chalafoirt na mBallstát agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/6/CE (IO L 283, 29.10.2010, lch. 1).

(l) ciallaíonn 'Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS)' an córas a shainmhínítear i gCinneadh 2006/679/CE ón gCoimisiún[1] agus i gCinneadh 2006/860/CE ón gCoimisiún[2];

(m) ciallaíonn 'cuid trasteorann' an chuid lena n-áirithítear leanúnachas tionscadail leasa choitinn idir na nóid uirbeacha is neasa ar dhá thaobh den teorainn de dhá Bhallstát nó idir Ballstát agus tír chomharsanach;

(n) ciallaíonn 'iompar ilmhódach' iompar paisinéirí nó lasta, nó iad araon, ina n-úsáidtear dhá cheann nó níos mó de mhodhanna iompair;

(o) ciallaíonn 'idir-inoibritheacht' an cumas atá ag an mbonneagar i modh iompair, lena n-áirítear na coinníollacha uile rialúcháin, teicneolaíochta agus oibríochta, lamháil do na sreabha sábháilte agus neamhchoiscthe tráchta a bhaineann na leibhéil feidhmíochta is gá don bhonneagar sin nó don mhodh sin amach;

---

1 Cinneadh 2006/679/CE ón gCoimisiún an 28 Márta 2006 maidir le sonraíocht theicniúil d'idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras rialuithe-orduithe agus comharthaíochta an ghnáthchórais iarnróid thras-Eorpaigh (IO L 284, 16.10.2006, lch. 1)

2 Cinneadh 2006/860/CE ón gCoimisiún an 7 Samhain 2006 maidir le sonraíocht theicniúil d'idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras rialuithe-orduithe agus comharthaíochta an chórais ardluais iarnróid thras-Eorpaigh agus lena modhnaítear Iarscríbhinn A a ghabhann le Cinneadh 2006/679/CE maidir le sonraíocht theicniúil d'idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras rialuithe-orduithe agus comharthaíochta an ghnáthchórais iarnróid thras-Eorpaigh (IO L 342, 7.12.2006, lch. 1).

(p) ciallaíonn 'nód uirbeach' limistéar uirbeach ina bhfuil bonneagar iompair an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, amhail calafoirt lena n-áirítear críochfoirt, aerfoirt, stáisiúin iarnróid, ardáin lóistíochta agus críochfoirt lasta atá suite i limistéar uirbeach agus máguaird, nasctha le codanna eile den bhonneagar sin agus leis an mbonneagar don trácht réigiúnach agus áitiúil;

(q) ciallaíonn 'scrogall' bac fisiciúil, teicniúil nó feidhmíochta a dtarlaíonn cliseadh an chórais dá thoradh, ar cliseadh é a mbíonn tionchar aige ar leanúnachas sreabha fadraoin nó trasteorann ar féidir iad a shárú trí bhonneagar nua a chruthú nó an bonneagar atá ann a uasghrádú go mór, a d'fhéadfadh feabhsuithe suntasacha a thabhairt agus a réiteoidh na sriantachtaí scrogaill;

(r) ciallaíonn 'ardán lóistíochta' limistéar atá nasctha go díreach le bonneagar iompair an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair lena n-áirítear críochfort lasta amháin ar a laghad, agus lenar féidir gníomhaíochtaí lóistíochta a dhéanamh;

(s) ciallaíonn 'críochfort lasta' struchtúr atá feistithe chun athlastála idir dhá mhodh iompair ar a laghad nó idir dhá chóras dhifriúla iarnróid, agus chun lasta a stóráil go sealadach, amhail calafoirt, calafoirt intíre, aerfoirt agus críochfoirt iarnróid;

(t) ciallaíonn 'anailís chostais/sochair agus shocheacnamaíoch' measúnú cainníochtaithe ex-ante ar luach tionscadail, bunaithe ar mhodheolaíocht aitheanta, agus na sochair agus na costais ábhartha uile don tsochaí, don eacnamaíocht, don aeráid agus don chomhshaol á gcur san áireamh. Ba cheart an anailís ar an gcostas agus ar na sochair a bheidh ann don aeráid agus don chomhshaol a bheith bunaithe ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a chuirtear i gcrích de bhun Threoir 2011/92/AE;

(u) ciallaíonn 'gréasán iargúlta' gréasán iarnróid Ballstáit, nó cuid de, a bhfuil a leithead rianta bunoscionn le leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach (1435mm), nach bhféadfaí infheistíocht mhór áirithe i mbonneagar a chosaint ina leith i dtéarmaí costais-sochair eacnamaíoch de bhua sonraíochtaí an ghréasáin sin arbh ann dóibh de bharr é a bheith scoite go geografach nó lonnaithe in áit fhorimeallach;

(v) ciallaíonn 'réigiún NUTS' réigiún mar a shainmhínítear san Ainmníocht Aonad Críochach le haghaidh Staidrimh;

(w) ciallaíonn 'breoslaí glana malartacha' breoslaí amhail leictreachas, hidrigin, bithbhreoslaí (leachtanna), breoslaí sintéiseacha, meatán (gás nádúrtha (GNC agus GNL) agus bithmheatán) agus gás peitriliam leachtaithe (GPL) a chuirtear in ionad, ar a laghadh go páirteach, foinsí ola iontaise sa soláthar fuinnimh le haghaidh iompair agus lena gcuirtear leis an méid carbóin atá ann a ísliú, agus lena bhfeabhsaítear feidhmíocht chomhshaoil na hearnála iompair.

*Airteagal 4*

*Cuspóirí an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair*

Leis an ngréasán tras-Eorpach iompair, neartófar comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach an Aontais agus cuirfear le cruthú limistéir Eorpaigh iompair aonair a bheidh éifeachtúil agus inbhuanaithe, a mhéadóidh na sochair dá úsáideoirí agus a thacóidh le fás uileghabhálach. Léireoidh sé breisluach Eorpach trí chur leis na cuspóirí a leagtar síos sna ceithre chatagóir seo a leanas:

(a) comhtháthú trí:

(i) inrochtaineacht agus nascacht gach réigiúin den Aontas, lena n-áirítear réigiúin atá iargúlta, forimeallach, oileánach, cúlánta agus sléibhtiúil, chomh maith le limistéir inar tearc an daonra;

(ii) na bearnaí atá i gcáilíocht bhonneagair idir na Ballstáit a laghdú;

(iii) idirnasc idir bonneagar iompair le haghaidh tráchta fadraoin ar thaobh amháin, agus le haghaidh tráchta réigiúnaigh agus áitiúil ar an taobh eile, i gcás tráchta paisinéirí agus lasta araon,;

(iv) bhonneagar iompair a léiríonn na cásanna sonracha i gcodanna éagsúla den Aontas agus a dhéanann foráil maidir le cumhdach cothrom i ndáil le réigiúin uile na hEorpa;

(b) éifeachtúlacht trí:

(i) dheireadh a chur le scrogaill agus an bhearna a líonadh idir na naisc atá in easnamh, laistigh de na bonneagair iompair agus ag pointí ceangail eatarthu sin araon, laistigh de chríocha na mBallstát agus eatarthu;

(ii) idirnasc agus idir-inoibritheacht na ngréasán náisiúnta iompair;

(iii) chomhtháthú agus idirnasc barrmhaith na modhanna iompair go léir;

(iv) iompar d'ardcháilíocht a chur chun cinn a bheidh éifeachtúil ó thaobh an gheilleagair agus a chuirfidh le fás agus le hiomaíochas breise eacnamaíochta;

(v) bhonneagar nua agus an bonneagar atá ann cheana a úsáid go héifeachtúil;

(vi) choincheapanna teicneolaíocha agus oibríochta atá nuálach a chur i bhfeidhm ar bhealach cost-éifeachtach;

(c) inbhuanaitheacht trí:

(i) na modhanna iompair go léir a fhorbairt ar bhealach atá ag luí le hiompar inbhuanaithe agus éifeachtúil ó thaobh an gheilleagair de a áirithiú go fadtéarmach;

(ii) chur le cuspóirí maidir le hastaíochtaí ísle gáis cheaptha teasa, iompar ísealcharbóin agus glan, slándáil an tsoláthair bhreosla, laghdú ar chostais sheachtracha agus cosaint an chomhshaoil,

(iii) iompar ísealcharbóin a chur chun cinn leis an aidhm go sroichfear laghdú suntasach in astaíochtaí $CO_2$, i gcomhréir le spriocanna ábhartha Aontais maidir le laghdú ar $CO_2$ faoi 2050;

(d) na sochair dá úsáideoirí a mhéadú trí:

(i) riachtanais soghluaisteachta agus iompair a úsáideoirí a chomhlíonadh laistigh den Aontas agus sa chaidreamh le tríú tíortha;

(ii) chaighdeáin atá slán, sábháilte agus ar ardcháilíocht a áirithiú d'iompar paisinéirí agus lasta araon;

(iii) thacaíocht a thabhairt don tsoghluaisteacht fiú i gcás tubaistí nádúrtha nó de dhéantús an duine, agus inrochtaineacht ar sheirbhísí éigeandála agus tarrthála a áirithiú;

(iv) cheanglais maidir le bonneagar a bhunú, go háirithe i réimse na hidir-inoibritheachta, na sábháilteachta agus na slándála, lena n-áiritheofar cáilíocht, éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht seirbhísí iompair;

(v) inrochtaineacht do dhaoine scothaosta, do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus do phaisinéirí faoi mhíchumas.

*Airteagal 5*

*Gréasán atá tíosach ar acmhainní*

1. Déanfar an gréasán tras-Eorpach iompair a phleanáil, a fhorbairt agus a oibriú ar bhealach a bheidh tíosach ar acmhainní, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) bonneagar iompair atá ann cheana a fhorbairt, a fheabhsú agus a chothabháil;

(b) comhtháthú agus idirnasc bonneagair a bharrfheabhsú;

(c) teicneolaíochtaí nua agus feidhmchláir teileamaitice a úsáid, i gcás ina bhféadfar úsáid den sórt sin a chosaint ó thaobh an gheilleagair;

(d) sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le gréasáin eile a chur san áireamh, go háirithe gréasáin thras-Eorpacha fuinnimh nó teileachumarsáide;

(e) an measúnú ar iarmhairtí straitéiseacha ar an gcomhshaol, agus pleananna agus cláir iomchuí a bhunú agus an measúnú ar na hiarmhairtí ar mhaolú thionchair an athratithe aeráide;

(f) bearta chun acmhainn bhonneagair a phleanáil agus a fhairsingiú nuair is gá;

(g) aird iomchuí a thabhairt ar a íogaire atá an bonneagar iompair maidir le haeráid atá ag athrú chomh maith le tubaistí nádúrtha nó tubaistí de dhéantús an duine, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin;

2. Agus an gréasán tras-Eorpach iompair á phleanáil agus á fhorbairt acu, cuirfidh Ballstáit san áireamh cúinsí sonracha sna codanna éagsúla den Aontas, amhail, go háirithe, gnéithe turasóireachta agus topografacha na réigiún lena mbaineann. D'fhéadfaidís oiriúnú a dhéanamh ar an ailíniú mionsonrach bealaí de chodanna laistigh de na teorainneacha a léirítear i bpointe (c) d'Airteagal 49(4) agus comhlíonadh á áirithiú leis na riachtanais a leagtar amach ann.

*Airteagal 6*

*Struchtúr déchisealach an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair*

1. Déanfar forbairt chéimseach an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a bhaint amach, go háirithe, trí struchtúr déchisealach a chur chun feidhme don ghréasán sin trí chur chuige comhleanúnach trédhearcach modheolaíoch, ina mbeidh gréasán cuimsitheach agus croíghréasán.

2. Is é a bheidh sa ghréasán cuimsitheach na bonneagair iompair ar fad atá ann cheana agus atá beartaithe atá mar chuid den ghréasán tras-Eorpach iompair mar aon leis na bearta a chuireann chun cinn úsáid bhonneagair den sórt sin a bheidh éifeachtúil agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí. Déanfar é a shainaithint agus a fhorbairt i gcomhréir le Caibidil II.

3. Is é a bheidh sa chroíghréasán na codanna sin den ghréasán cuimsitheach is mó tábhacht ó thaobh straitéise leis na cuspóirí a bhaint amach chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt. Déanfar é a shainaithint agus a fhorbairt i gcomhréir le Caibidil III.

*Airteagal 7*

*Tionscadail leasa choitinn*

1. Cuirfidh tionscadail leasa choitinn leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt trí bhonneagar nua iompair a chruthú, tríd an mbonneagar iompair atá ann cheana a athshlánú agus a uasghrádú agus trí bhearta lena gcuirtear chun cinn úsáid an ghréasáin ar bhealach a bheidh tíosach ar acmhainní.

2. Maidir le tionscadal leasa choitinn:

   (a) rannchuideoidh sé leis na cuspóirí a thagann faoi dhá cheann ar a laghad de na ceithre chatagóir mar a leagtar amach in Airteagal 4 iad;

   (b) comhlíonfaidh sé Caibidil II agus, má bhaineann sé leis an gcroíghréasán, comhlíonfaidh sé Caibidil III freisin;

   (c) beidh sé inmharthana go heacnamaíoch ar bhonn anailíse costais/sochair agus socheacnamaíche;

   (d) léireoidh sé breisluach Eorpach.

3. Féadfaidh tionscadal leasa choitinn a thimthriall iomlán a chuimsiú, lena n-áirítear staidéir indéantachta agus nósanna imeachta ceada, cur chun feidhme agus meastóireacht.

4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta ar fad is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na tionscadail na rialacha agus na nósanna imeachta ábhartha ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, go háirithe gníomhartha dlí an Aontais maidir leis an gcomhshaol, cosaint aeráide, sábháilteacht, slándáil, iomaíocht, státchabhair, soláthar poiblí, sláinte phoiblí agus inrochtaineacht.

5. Tá tionscadail leasa choitinn incháilithe do chúnamh airgeadais ón Aontas faoi na hionstraimí atá ar fáil don ghréasán tras-Eorpach iompair.

*Airteagal 8*

*Comhar le tríú tíortha*

1. Féadfaidh an tAontas tacaíocht a thabhairt, tacaíocht airgeadais san áireamh, do thionscadail leasa choitinn chun an gréasán tras-Eorpach iompair a nascadh le gréasáin bhonneagair na dtíortha comharsanacha fad is a dhéanfar an méid seo a leanas le tionscadail den sórt sin:

(a) go nascfar an croíghréasán ag pointí trasnaithe teorann agus go mbainfidh tionscadal den sórt sin leis an mbonneagar is gá chun sreabh tráchta rianúil, seiceálacha teorann, faireachas teorann agus nósanna imeachta eile um rialú teorann a áirithiú;

(b) go n-áiritheofar an nasc idir an croíghréasán agus gréasáin iompair na dtríú tíortha, d'fhonn fás eacnamaíoch agus iomaíochas a fheabhsú;

(c) go dtabharfar chun críche an bonneagar iompair i dtríú tíortha a nascann codanna den chroíghréasán san Aontas;

(d) go gcuirfear chun feidhme córais um bainistiú tráchta sna tíortha sin;

(e) go gcuirfear chun cinn iompar muirí agus mótarbhealaí na farraige, gan tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do chalafoirt tríú tíortha;

(f) go n-éascófar iompar ar uiscebhealaí intíre le tríú tíortha.

Cuirfidh tionscadail den sórt sin le hacmhainn nó le háisiúlacht an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair i mBallstát amháin nó níos mó.

2. Gan dochar do mhír 1, féadfaidh an tAontas comhoibriú le tríú tíortha, chun tionscadail eile a chur chun cinn, gan tacaíocht airgeadais a chur ar fáil, a mhéid is go bhféachfar leis an méid seo a leanas a dhéanamh le tionscadail den sórt sin:

(a) an idir-inoibritheacht idir an gréasán tras-Eorpach iompair agus gréasáin tríú tíortha a chur chun cinn;

(b) fairsingiú bheartas an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair go tríú tíortha a chur chun cinn;

(c) aeriompar le tríú tíortha a éascú, chun fás eacnamaíoch agus iomaíochas atá éifeachtúil agus inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear leathnú an Aerspáis Eorpaigh Aonair agus comhar níos fearr um bainistiú aerthráchta;

(d) muiriompar a éascú agus mótarbhealaí na farraige a chur chun cinn le tríú tíortha.

3. Tionscadail faoi phointe (a) agus faoi phointe (d) de mhír 2, comhlíonfaidh siad forálacha ábhartha Chaibidil II.

4. In Iarscríbhinn III áirítear léarscáileanna táscacha an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair arna bhfairsingiú chun tíortha sonracha comharsanacha.

5. Féadfaidh an tAontas ionstraimí comhordúcháin agus airgeadais atá ann cheana a úsáid i gcomhar le tíortha comharsanacha, nó ionstraimí nua a bhunú agus a úsáid, amhail Saoráid Infheistíochta na Comharsanachta (NIF) nó an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA), chun tionscadail leasa choitinn a chur chun cinn.

6. Tá forálacha an Airteagail seo faoi réir na nósanna imeachta ábhartha maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta mar a leagtar amach iad in Airteagal 218 CFAE.

# CAIBIDIL II
# AN GRÉASÁN CUIMSITHEACH

*Airteagal 9*

*Forálacha ginearálta*

1. Maidir leis an ngréasán cuimsitheach:

   (a) beidh sé mar a shonraítear sna léarscáileanna agus sna liostaí atá in Iarscríbhinn I agus i gCuid 2 d'Iarscríbhinn II;

   (b) sonrófar é tuilleadh sa tuairisc ar chomhpháirteanna an bhonneagair;

   (c) comhlíonfar leis na ceanglais maidir leis na bonneagair iompair a leagtar amach sa Chaibidil seo;

   (d) beidh sé ina bhonn chun tionscadail leasa choitinn a shainaithint;

   (e) aithneofar leis teorainneacha fisiciúla agus tréithe ar leith topagrafacha de bhonneagar iompair na mBallstát, mar a shainítear iad sna sonraíochtaí teicniúla idir-inoibritheachta (STIanna).

2. Déanfaidh na Ballstáit gach dícheall agus dúthracht agus é mar aidhm acu an gréasán cuimsitheach a thabhairt chun críche agus na forálacha ábhartha atá sa Chaibidil seo a chur i gcrích faoin 31 Nollaig 2050.

*Airteagal 10*

*Tosaíochtaí ginearálta*

1. Agus an gréasán cuimsitheach á fhorbairt, tabharfar tosaíocht ghinearálta do na bearta a bheidh riachtanach chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) inrochtaineacht agus nascacht níos fearr a áirithiú do réigiúin uile an Aontais agus cás sonrach na n-oileán, na ngréasán iargúlta agus na réigiún inar tearc an daonra, na réigiún cúlánta agus na réigiún is forimeallaí á chur san áireamh;

(b) comhtháthú barrmhaith na modhanna iompair agus idir-inoibritheacht laistigh de mhodhanna iompair a áirithiú;

(c) bearnaí a líonadh sna naisc atá in easnamh agus deireadh a chur le scrogaill, go háirithe i gcodanna trasteorann;

(d) úsáid éifeachtúil agus inbhuanaithe an bhonneagair a chur chun cinn agus, más gá, an acmhainn a mhéadú;

(e) cáilíocht bhonneagair a fheabhsú nó a chothabháil i dtéarmaí sábháilteachta, slándála, éifeachtúlachta, aeráide agus, i gcás inarb iomchuí, seasmhachta i gcoinne tubaistí, feidhmíochtaí comhshaoil, dálaí sóisialta, inrochtaineachta do na húsáideoirí uile, lena n-áirítear daoine scothaosta, daoine a bhfuil a soghluaiseacht laghdaithe agus paisinéirí faoi mhíchumas, agus cháilíocht na seirbhísí agus leanúnachais sreabha tráchta;

(f) feidhmchláir teileamaitice a chur chun feidhme agus a úsáid agus forbairt nuálach theicneolaíoch a chur chun cinn.

2. Chun na bearta a leagtar amach i mír 1 a chomhlánú, tabharfar aird speisialta ar bhearta atá riachtanach don mhéid seo a leanas:

(a) slándáil an tsoláthair bhreosla a áirithiú trí éifeachtacht fuinnimh níos fearr, agus trí úsáid foinsí fuinnimh malartacha agus, go háirithe, trí fhoinsí fuinnimh agus córais tiomána ísealcharbóin nó gan carbón ar bith, a chur chun cinn;

(b) éifeachtaí diúltacha iompar idirthurais iarnróid agus iompar idirthurais de bhóthar ar limistéir uirbeacha a mhaolú;

(c) deireadh a chur le bacainní riaracháin agus teicniúla, go háirithe ar idir-inoibritheacht an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair agus ar iomaíocht.

## ROINN 1

## BONNEAGAR IOMPAIR IARNRÓID

*Airteagal 11*

*Comhpháirteanna an bhonneagair*

1. Cuimseofar le bonneagar iompair iarnróid na nithe seo a leanas, go háirithe:

(a) línte iarnróid ardluais agus gnáthlínte iarnróid, lena n-áirítear:

(i) taobhlaigh;

(ii) tolláin;

(iii) droichid;

(b) críochfoirt lasta agus ardáin lóistíochta le haghaidh earraí a athlastáil laistigh de mhodh an iarnróid agus idir modh an iarnróid agus modhanna eile iompair;

(c) stáisiúin ar na línte a luaitear in Iarscríbhinn I chun paisinéirí a aistriú laistigh de mhodh an iarnróid agus idir modh an iarnróid agus modhanna eile iompair;

(d) naisc na stáisiún, na gcríochfort lasta agus na n-ardán lóistíochta leis na modhanna eile sa ghréasán tras-Eorpach iompair;

(e) trealamh gaolmhar;

(f) feidhmchláir teileamaitice;

2. Beidh na línte iarnróid i gceann de na foirmeacha seo a leanas:

(a) línte iarnróid le haghaidh iompair ardluais:

(i) ar línte ardluais arna dtógáil go speisialta le haghaidh luasanna atá cothrom le nó níos mó ná 250 km/u;

(ii) ar gnáthlínte arna n-uasghrádú go speisialta le haghaidh luasanna de thuairim is 200 km/u;

(iii) ar línte ardluais arna n-uasghrádú go speisialta a bhfuil gnéithe speisialta acu de bharr srianta topagrafacha, srianta a bhaineann leis an rilíf nó srianta pleanála bailte, agus ar gá an luas a oiriúnú orthu do gach cás ar leith. Áirítear sa chatagóir seo freisin línte idirnasctha idir gréasáin ardluais agus gnáthghréasáin, línte trí stáisiúin, rochtain ar chríochfoirt, ar iostaí etc agus línte a dtaistealaíonn rothstoc 'ardluais' orthu nó tríothu ar ghnáthluas.

(b) línte iarnróid le haghaidh gnáthiompair.

3. Féadfar a áireamh ar an trealamh teicniúil a bhaineann le línte iarnróid córais leictriúcháin, trealamh chun paisinéirí a bhordáil agus a thuirlingt agus chun lasta a luchtú agus a dhíluchtú i stáisiúin, ardáin lóistíochta agus críochfoirt lasta. Féadfar a áireamh air aon tsaoráid, amhail saoráidí lena n-athraítear leithid go huathoibríoch don iarnród, ar saoráidí iad atá riachtanach chun oibriú sábháilte, slán agus éifeachtúil feithiclí a áirithiú, lena n-áirítear a dtionchar laghdaithe ar an gcomhshaol agus idir-inoibritheacht fheabhsaithe.

*Airteagal 12*

*Ceanglais ó thaobh an bhonneagair iompair*

1. Beidh críochfoirt lasta nasctha le bonneagar an bhóthair nó, más féidir, le bonneagar uiscebhealaí intíre an ghréasáin chuimsithigh.

2. Maidir leis an mbonneagar iarnróid, cinnteoidh na Ballstáit:

(a) go bhfuil sé feistithe le ERTMS, ach amháin i gcás gréasán iargúlta;

(b) go gcomhlíonann sé Treoir 2008/57/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus a bhearta cur chun feidhme chun idir-inoibritheacht an ghréasáin chuimsithigh a bhaint amach;

---

[1] Treoir 2008/57/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Chomhphobal (IO L 191, 18.7.2008, lch. 1).

(c) go gcomhlíonann sé ceanglais STIanna arna nglacadh de bhun Airteagal 6 de Threoir 2008/57/CE, ach amháin i gcásanna a cheadaítear faoi STI ábhartha nó faoin nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 9 de Threoir 2008/57/CE;

(d) go bhfuil sé leictrithe go hiomlán maidir le rianta líne agus, a mhéid is gá d'oibríochtaí na dtraenacha leictreacha, maidir le taobhlaigh, ach amháin i gcás gréasán iargúlta;

(e) go gcomhlíonann sé na ceanglais maidir le rochtain ar chríochfoirt lasta a leagtar síos i dTreoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

3. Ar iarratas ó Bhallstát, i gcásanna cuí-réasúnaithe, déanfaidh an Coimisiún díolúintí a thabhairt i leith ceanglas a ghabhann thar cheanglais Treoir 2008/57/CE a bhaineann le ERTMS agus leictriúchán.

*Airteagal 13*

*Tosaíochtaí d'fhorbairt an bhonneagair iarnróid*

Agus tionscadail leasa choitinn á gcur chun cinn a bhfuil baint acu le bonneagar iarnróid, beidh tosaíocht, anuas ar na tosaíochtaí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 10, ag an méid seo a leanas:

(a) ERTMS a úsáid

(b) aistriú chuig leithead rianta ainmniúil de 1 435 mm;

---

1 Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach iarnróid aonair (IO L 343, 14.12.2012, lch. 32).

(c) éifeacht an torainn agus an chreathaidh ó iompar iarnróid a mhaolú, go háirithe trí bhearta don rothstoc agus don bhonneagar, lena n-áirítear bacainní cosanta torainn;

(d) na ceanglais maidir leis an mbonneagar a chomhlíonadh agus an idir-inoibritheacht a fheabhsú;

(e) sábháilteacht chrosairí comhréidhe a fheabhsú;

(f) nuair is iomchuí, bonneagar iompair iarnróid a nascadh le bonneagar chalafoirt na n-uiscebhealaí intíre;

## ROINN 2

## BONNEAGAR IOMPAIR NA N-UISCEBHEALAÍ INTÍRE

*Airteagal 14*

*Comhpháirteanna an bhonneagair*

1. Cuimseofar le bonneagar na n-uiscebhealaí intíre na nithe seo a leanas, go háirithe:

(a) aibhneacha;

(b) canálacha;

(c) lochanna;

(d) bonneagar gaolmhar amhail loic, ardaitheoirí, droichid, taiscumair agus bearta gaolmhara um chosc ar thuillte a bhféadfadh éifeachtaí dearfa a bheith acu maidir le loingseoireacht ar uiscebhealaí intíre;

(e) calafoirt intíre, lena n-áirítear an bonneagar is gá le haghaidh oibríochtaí iompair laistigh de limistéar an chalafoirt;

(f) trealamh gaolmhar;

(g) feidhmchláir teileamataice, lena n-áirítear RIS;

(h) naisc na gcalafort intíre leis na modhanna eile sa ghréasán tras-Eorpach iompair.

2. Le bheith ina gcuid den ghréasán cuimsitheach, beidh ar chalafoirt intíre méid lasta athlastála bhliantúil a bheith acu ar mó é ná 500 000 tonna. Beidh méid an lasta athlastála bhliantúil iomlán bunaithe ar mheánmhéid na dtrí bliana is deireanaí atá ar fáil, faoi mar a fhoilsítear ag Eurostat é.

3. Féadfar an trealamh i gcomhair lastaí a luchtú agus a dhíluchtú i gcalafoirt intíre a áireamh ar an trealamh a bhaineann le huiscebhealaí intíre. Féadfar le trealamh gaolmhar córais tiomána agus oibriúcháin lena laghdaítear truailliú, amhail truailliú uisce agus aeir, ídiú fuinnimh agus déine carbóin a áireamh go háirithe. Féadfar saoráidí glactha le haghaidh dramhaíola, saoráidí leictreachais cois cladaigh, agus saoráidí bailithe ola a úsáideadh cheana chomh maith le trealamh chun oighear a bhriseadh, trealamh le haghaidh seirbhísí hidreolaíocha agus trealamh le haghaidh dhreidireacht an chalafoirt agus thárrachtana an chalafoirt chun inseoltacht ar feadh na bliana go léir a áirithiú, a áireamh ar an trealamh sin freisin.

*Airteagal 15*

*Ceanglais ó thaobh an bhonneagair iompair de*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh calafoirt intíre nasctha leis an mbonneagar bóthair nó iarnróid.

2. Cuirfidh calafoirt intíre críochfort lasta amháin ar a laghad ar fáil a bheidh ar oscailt do gach oibreoir ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus cuirfidh sé muirir thrédhearcacha i bhfeidhm.

3. Áiritheoidh na Ballstáit:

(a) go gcomhlíonann aibhneacha, canálacha agus lochanna na híoscheanglais maidir le huiscebhealaí d'aicme IV mar a leagtar síos in aicmiú nua na n-uiscebhealaí intíre a bhunaítear le Comhdháil Eorpach na nAirí Iompair (ECMT) agus áiritheoidh siad go bhfuil glanspás leanúnach bealaigh faoi na droichid ann, gan dochar d'Airteagal 35 agus d'Airteagal 36 den Rialachán seo.

Ar iarratas ó Bhallstát, i gcásanna cuí-réasúnaithe, deonófar díolúintí ón gCoimisiún ó na híoscheanglais maidir le doimhneacht (faoi bhun 2,50 m) agus maidir le híosairde faoi na droichid (faoi bhun 5,25 m);

(b) go ndéantar aibhneacha, canálacha agus lochanna a chothabháil chun stádas maith loingseoireachta a choinneáil, agus an dlí comhshaoil is infheidhme á urramú;

(c) go mbeidh aibhneacha, canálacha agus lochanna feistithe le RIS.

*Airteagal 16*

*Tosaíochtaí d'fhorbairt bhonneagar na n-uiscebhealaí intíre*

Agus tionscadail leasa choitinn á gcur chun cinn a bhfuil baint acu le bonneagair na n-uiscebhealaí intíre, beidh tosaíocht, anuas ar na tosaíochtaí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 10, ag an méid seo a leanas:

(a) i gcás uiscebhealaí intíre atá ann cheana: na bearta cur chun feidhme is gá chun caighdeáin uiscebhealaí d'aicme IV a bhaint amach;

(b) i gcás inarb iomchuí, caighdeáin níos airde a bhaint amach chun nuachóiriú a dhéanamh ar uiscebhealaí atá ann cheana agus chun uiscebhealaí nua a chruthú i gcomhréir le gnéithe teicneolaíochta bhonneagar ECMT, chun éilimh an mhargaidh a shásamh;

(c) feidhmchláir teileamataice, lena n-áirítear RIS, a chur chun feidhme;

(d) bonneagar na gcalafort intíre a nascadh le bonneagar lasta iarnróid agus bonneagar an iompair de bhóthar;

(e) agus aird ar leith á tabhairt ar aibhneacha saorchúrsála nach bhfuil aon chlaochlú rómhór imithe orthu agus a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar do bhearta sonracha dá thoisc sin;

(f) iompar inbhuanaithe ar uiscebhealaí intíre a chur chun cinn;

(g) nuachóiriú agus forbairt a dhéanamh ar acmhainn an bhonneagair is gá le haghaidh oibríochtaí iompair laistigh de limistéar an chalafoirt.

## ROINN 3

## BONNEAGAR AN IOMPAIR DE BHÓTHAR

*Airteagal 17*

*Comhpháirteanna an bhonneagair*

1. Cuimseoidh bonneagar iompair de bhóthar na nithe seo leanas, go háirithe:

   (a) bóithre d'ardcháilíocht, lena n-áirítear:

      (i) droichid;

      (ii) tolláin;

      (iii) acomhail;

      (iv) crosairí;

      (v) acomhail mhótarbhealaí;

      (vi) crua-ghruanna;

   (b) líomatáistí páirceála agus scíthe;

   (c) trealamh gaolmhar;

(d) feidhmchláir teileamataice, lena n-áirítear RIS;

(e) críochfoirt lasta agus ardáin lóistíochta;

(f) naisc na gcríochfort lasta agus na n-ardán lóistíochta leis na modhanna eile sa ghréasán tras-Eorpach iompair;

(g) busárais.

2. Is iad na bóithre d'ardcháilíocht dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 na bóithre sin a bhfuil ról tábhachtach acu sa trácht fadraoin lasta agus paisinéirí, a chomhtháthaíonn na príomh-lárionaid uirbeacha agus eacnamaíocha, a idirnascann le modhanna eile iompair agus a cheanglaíonn réigiúin NUTS 2 atá sléibhtiúil, iargúlta, talamhiata agus forimeallach le réigiúin láir an Aontais. Cothabhálfar na bóithre sin go leordhóthanach sa chaoi go mbeidh an trácht sábháilte, slán.

3. Déanfar bóithre d'ardcháilíocht a dhearadh agus a thógáil go speisialta le haghaidh mótarthráchta, agus mótarbhealaí, bóithre luais nó gnáthbhóithre straitéiseacha a bheidh iontu.

(a) Is ionann mótarbhealach agus bóthar a dhéantar a dhearadh agus a thógáil go speisialta le haghaidh mótarthráchta, nach bhfreastalaíonn ar réadmhaoin atá i dteorainn leis agus:

(i) atá feistithe, ach amháin ag pointí speisialta nó go sealadach, le carrbhealaigh ar leith don trácht ó dhá threo, scartha óna chéile le stiall dhealaithe nach bhfuil beartaithe le haghaidh tráchta, nó go heisceachtúil, trí mhodhanna eile;

(ii) nach dtrasnaíonn ar chomhréidh le haon bhóthar, iarnród, trambhealach, raon rothar nó cosán; agus

(iii) atá fógartha go speisialta mar mhótarbhealach.

(b) Is ionann bóthar luais agus bóthar atá deartha i gcomhair mótarthráchta a bhfuil rochtain aici air go príomha ó acomhail mhótarbhealaí nó acomhail rialaithe agus:

(i) a bhfuil toirmeasc ann ar stopadh agus ar pháirceáil ar an gcarrbhealach reatha; agus

(ii) nach dtrasnaíonn ar chomhréidh le haon iarnród nó trambhealach.

(c) Is ionann gnáthbhóthar straitéiseach agus bóthar nach mótarbhealach nó bóthar luais é, ach ar bóthar d'ardcháilíocht é dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2.

4. Áiritheofar, go háirithe, sa trealamh a bhaineann le bóithre, trealamh don bhainistiú tráchta, don fhaisnéis agus don treoraíocht bealaigh, trealamh chun muirir ar úsáideoirí a thobhach, trealamh sábháilteachta, trealamh chun éifeachtaí diúltacha ar an gcomhshaol a laghdú, chun feithiclí a bhfuil modhanna tiomána malartacha acu a bhreoslú nó a luchtú, agus trealamh do líomatáistí slánpháirceála d'fheithiclí tráchtála.

*Airteagal 18*

*Ceanglais ó thaobh an bhonneagair iompair de*

Áiritheoidh na Ballstáit:

(a) go gcomhlíonann na bóithre forálacha phointe (a), phointe (b) nó phointe (c) d'Airteagal 17(3);

(b) go ndéanfar sábháilteacht an bhonneagair iompair de bhóthar a áirithiú, go ndéanfar faireachán uirthi, agus, nuair is gá, go ndéanfar í a fheabhsú i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear i gCinneadh 2008/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1];

(c) go gcomhlíonfaidh tolláin bhóithre ar faide iad ná 500 m ar fhad Treoir 2004/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2];

(d) go n-áiritheofar idir-inoibritheacht na gcóras bailithe dolaí, i gás inarb infheidhme, i gcomhréir le Treoir 2004/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] agus le Cinneadh 2009/750/CE ón gCoimisiún[4];

---

1 Cinneadh 2008/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le sábháilteacht bonneagair bhóithre a bhainistiú (IO L 319, 29.11.2008, lch. 59).

2 Treoir 2004/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le híoscheanglais sábháilteachta do tholláin sa ghréasáin tras-Eorpach bóithre (IO L 167, 30.4.2004, lch. 39).

3 Treoir 2004/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hidir-inoibritheacht chóras leictreonach na ndolaí bóthair sa Chomhphobal ( IO L 166, 30.4.2004, lch. 124).

4 Cinneadh 2009/750/CE ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2009 maidir le sainmhíniú Sheirbhís Dolaí Leictreonacha na hEorpa agus a heilimintí teicniúla (IO L 268, 13.10.2009, lch. 11).

(e) go gcomhlíonfaidh aon chóras cliste iompair atá in úsáid ag údarás poiblí maidir le bonneagar iompair de bhóthar Treoir 2010/40/AE agus go n-úsáidfear é ar bhealach a bheidh ag teacht le gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Treoir sin.

*Airteagal 19*

*Tosaíochtaí d'fhorbairt an bhonneagair de bhóthar*

Agus tionscadail leasa choitinn á gcur chun cinn a bhfuil baint acu le bonneagar bóithre, beidh tosaíocht, anuas ar na tosaíochtaí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 10, ag an méid seo a leanas:

(a) sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus a chur chun cinn;

(b) úsáid CCI, go háirithe faisnéis ilmhódach agus bainistiú tráchta agus chun gur féidir córais chomhtháite chumarsáide agus íocaíochta a úsáid;

(c) teicneolaíochtaí nua agus nuálaíocht a thabhairt isteach chun iompar ísealcharbóin a chur chun cinn;

(d) líomatáiste páirceála iomchuí a sholáthar d'úsáideoirí tráchtála bóithre, ina mbeidh leibhéal iomchuí sábháilteachta agus slándála;

(e) brú tráchta a mhaolú ar na bóithre atá ann faoi láthair.

## ROINN 4

## BONNEAGAR AN IOMPAIR MHUIRÍ AGUS MÓTARBHEALAÍ NA FARRAIGE

*Airteagal 20*

*Comhpháirteanna an bhonneagair*

1. Cuimseofar le bonneagar an iompair mhuirí na nithe seo a leanas, go háirithe:

(a) spás muirí;

(b) canálacha mara;

(c) calafoirt intíre, lena n-áirítear an bonneagar is gá le haghaidh oibríochtaí iompair laistigh de limistéar an chalafoirt;

(d) naisc na gcalafort leis na modhanna eile sa ghréasán tras-Eorpach iompair;

(e) sconsaí, loic agus duganna;

(f) áiseanna loingseoireachta;

(g) tárrachtana calafoirt agus seolbhealaí;

(h) tonnchoisc;

(i) mótarbhealaí na farraige;

(j) trealamh gaolmhar;

(k) feidhmchláir teileamaitice, lena n-áirítear ríomhsheirbhísí muirí agus VTMIS.

2. Is iad na calafoirt mhuirí na pointí iontrála agus fágála do bhonneagar talún an ghréasáin chuimsithigh. Comhlíonfaidh siad ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas:

(a) tá méid iomlán an tráchta paisinéirí bhliantúil níos mó ná 0,1% de mhéid iomlán an tráchta paisinéirí bhliantúil do chalafoirt mhuirí uile an Aontais. Is ionann an méid tagartha don mhéid iomlán sin agus meánmhéid na dtrí bliana is deireanaí atá ar fáil, bunaithe ar na staitisticí arna bhfoilsiú ag Eurostat;

(b) tá méid an lasta bhliantúil iomláin – cibé acu an bulclasta atá á láimhseáil nó nach ea – níos mó ná 0,1 % den lasta bliantúil iomlán comhfhreagrach a láimhseáiltear i gcalafoirt mhuirí uile an Aontais. Is ionann an méid tagartha don mhéid iomlán sin agus meánmhéid na dtrí bliana is deireanaí atá ar fáil, bunaithe ar na staitisticí arna bhfoilsiú ag Eurostat;

(c) tá an calafort muirí suite ar oileán agus tugann sé an t-aon phointe rochtana ar réigiún NUTS 3 sa ghréasán cuimsitheach;

(d) tá an calafort muirí suite i gceann de na réigiún is forimeallaí nó i limistéar forimeallach, lasmuigh de chiorcal dar ga 200 km ón gcalafort eile is gaire sa ghréasán cuimsitheach.

3. Féadfar a áireamh, go háirithe, ar threalamh a bhaineann le bonneagar an iompair mhuirí trealamh chun trácht agus lasta a bhainistiú, chun éifeachtaí diúltacha a laghdú, lena n-áirítear éifeachtaí diúltacha comhshaoil, agus chun breoslaí malartacha a úsáid, mar aon le trealamh lena n-áirithítear inseoltacht ar feadh na bliana go léir, lena n-áirítear trealamh chun oighear a bhriseadh, trealamh le haghaidh suirbhéanna hidreolaíocha, agus trealamh le haghaidh dhreidireacht, chothabháil agus chosaint an chalafoirt agus thárrachtana an chalafoirt.

*Airteagal 21*

*Mótarbhealaí na farraige*

1. Cuideoidh mótarbhealaí na farraige, arb ionann iad agus gné mhuirí an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, le spás Eorpach muiriompair gan bhacainní a bhaint amach. Is éard a bheidh iontu bealaí gearrthurais farraige, calafoirt, bonneagar agus trealamh muirí gaolmhar, agus saoráidí mar aon le foirmiúlachtaí riaracháin simplithe lena gcumasaítear oibriú loingseoireachta gearrthurais nó seirbhísí farraige-abhann idir dhá chalafort ar a laghad, lena n-áirítear naisc chúlchríche. Áireofar an méid seo a leanas i mótarbhealaí na farraige:

(a) naisc mhuirí idir calafoirt mhuirí den ghréasán cuimsitheach nó idir calafort den ghréasán cuimsitheach agus calafort tríú tír má tá tábhacht straitéiseach ag naisc den sórt sin don Aontas;

(b) saoráidí calafoirt, críochfoirt lasta, ardáin lóistíochta agus sráidbhailte lasta atá suite taobh amuigh de limistéir an chalafoirt ach a bhfuil baint acu le hoibríochtaí an chalafoirt, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) amhail córais um bainistiú lóistíochta leictreonaí, agus sábháilteacht agus slándáil agus nósanna imeachta riaracháin agus custaim i mBallstát amháin ar a laghad;

(c) bonneagar le haghaidh rochtain dhíreach ar thalamh is ar mhuir.

2. Dhá Bhallstát ar a laghad a mholfaidh tionscadail leasa choitinn do mhótarbhealaí na farraige sa ghréasán tras-Eorpach iompair. Beidh siad:

(a) ina nasc muirí agus a naisc chúlchríche laistigh den chroíghréasán idir dhá chalafort de chuid an chroíghréasáin nó níos mó; nó

(b) ina nasc muirí agus a naisc chúlchríche idir calafort an chroíghréasáin agus calafoirt de chuid an ghréasáin chuimsithigh, agus béim ar leith ar naisc chúlchríche chalafoirt an chroíghréasáin agus an ghréasáin chuimsithigh.

3. Féadfar a áireamh freisin ar thionscadail leasa choitinn do mhótarbhealaí na farraige sa ghréasán tras-Eorpach iompair gníomhaíochtaí a bhfuil sochair níos leithne acu agus nach bhfuil ceangailte le calafoirt shonracha, amhail seirbhísí agus gníomhaíochtaí chun tacú le soghluaisteacht daoine agus earraí, gníomhaíochtaí chun feidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú, amhail leictreachas cois cladaigh a chur ar fáil lena gcuideofaí le longa a gcuid astaíochtaí a laghdú, saoráidí chun oighear a bhriseadh a chur ar fáil, gníomhaíochtaí lena n-áirithítear inseoltacht ar feadh na bliana go léir, oibríochtaí dreidireachta, agus saoráidí breoslaithe mhalartaigh, chomh maith le próisis, nósanna imeachta agus an ghné dhaonna a bharrfheabhsú, ardáin TFC agus córais faisnéise, lena n-áirítear bainistiú tráchta agus córais leictreonacha tuairiscithe.

4. Laistigh de dhá bhliain tar éis don Chomhordaitheoir Eorpach do mhótarbhealaí na farraige a bheith ainmnithe i gcomhréir le hAirteagal 45, tíolacfaidh an Comhordaitheoir Eorpach mionphlean cur chun feidhme do mhótarbhealaí na farraige ar bhonn taithí agus forbairtí maidir le hiompar muirí an Aontais mar aon leis an trácht a thuarfar ar mhótarbhealaí na farraige.

*Airteagal 22*

*Ceanglais ó thaobh an bhonneagair iompair de*

1. Áiritheoidh na Ballstáit:

   (a) go mbeidh calafoirt mhuirí nasctha le línte iarnróid nó le bóithre agus, i gcás inar féidir, le huiscebhealaí intíre an ghréasáin chuimsithigh, ach amháin má choisctear nasc den sórt sin ag srianta fisiceacha.

   (b) go gcuirfidh aon chalafort muirí a fhreastalaíonn ar thrácht lasta críochfort amháin ar a laghad ar fáil a bheidh ar oscailt d'úsáideoirí ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus go gcuirfidh sé muirir thrédhearcacha i bhfeidhm.

   (c) go gceanglóidh canálacha mara, seolbhealaí calafoirt agus inbhir dhá fharraige, nó go dtabharfaidh siad rochtain ón muir ar chalafoirt mhuirí agus go mbeidh siad ag freagairt d'uiscebhealaí intíre d'aicme VI ar a laghad.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil an trealamh is gá ar fáil i gcalafoirt chun cabhrú le feidhmíocht chomhshaoil na long i gcalafoirt, go háirithe saoráidí glactha don dramhaíl a ghintear ar bord long agus d'iarmhar lasta i gcomhréir le Treoir 2000/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus i gcomhréir le dlí ábhartha eile an Aontais.

3. Cuirfidh na Ballstáit VTMIS agus SafeSeaNet chun feidhme faoi mar a fhoráiltear i dTreoir 2002/59/CE agus úsáidfidh siad ríomhsheirbhísí muirí, lena n-áirítear go háirithe seirbhísí muirí na fuinneoige aonair, faoi mar a fhoráiltear i dTreoir 2010/65/AE.

---

[1] Treoir 2000/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2000 maidir le saoráidí glactha calafoirt don dramhaíl a ghintear ar bord long agus d'iarmhair lasta (IO L 332, 28.12.2000, lch. 81). .

*Airteagal 23*

*Tosaíochtaí d'fhorbairt an bhonneagair mhuirí*

Agus tionscadail leasa choitinn á gcur chun cinn a bhfuil baint acu le bonneagar muirí, beidh tosaíocht, anuas ar na tosaíochtaí a leagtar amach in Airteagal 10, ag an méid seo a leanas:

(a) mótarbhealaí na farraige lena n-áirítear loingseoireacht ghearrthurais a chur chun cinn, forbairt na nasc cúlchríche a éascú agus forbairt a dhéanamh, go háirithe, ar bhearta chun feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil an iompair mhuirí i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme faoi dhlí an Aontais nó faoi chomhaontuithe ábhartha idirnáisiúnta;

(b) calafoirt mhuirí a idirnascadh le huiscebhealaí intíre;

(c) VTMIS agus ríomhsheirbhísí muirí a chur chun feidhme;

(d) teicneolaíochtaí nua agus nuáil a thabhairt isteach chun breoslaí malartacha agus iompar muirí atá tíosach ar fhuinneamh, lena n-áirítear GNL, a chur chun cinn;

(e) nuachóiriú agus forbairt a dhéanamh ar acmhainn an bhonneagair is gá le haghaidh oibríochtaí iompair laistigh de limistéar an chalafoirt.

## ROINN 5

## BONNEAGAR AERIOMPAIR

*Airteagal 24*

*Comhpháirteanna an bhonneagair*

1. Cuimseofar le bonneagar aeriompair na nithe seo a leanas, go háirithe:

   (a) aerspás, bealaí agus aerbhealaí;

   (b) aerfoirt;

   (c) naisc na n-aerfort leis na modhanna eile sa ghréasán tras-Eorpach iompair;

   (d) trealamh gaolmhar;

   (e) córais aerloingseoireachta, lena n-áirítear glúin nua an chórais Eorpaigh um bainistíocht aerthráchta ("córas SESAR").

2. Comhlíonfaidh aerfoirt ceann de na critéir seo a leanas:

(a) i gcás aerfort paisinéirí, gur 0,1 % ar a laghad de líon bliantúil iomlán an tráchta paisinéirí in aerfoirt uile an Aontais atá i dtrácht bliantúil iomlán paisinéirí, ach amháin má tá an t-aerfort i dtrácht suite níos mó ná 100 km ón aerfort is gaire sa ghréasán cuimsitheach, nó níos mó ná 200 km má tá líne iarnróid ardluais sa réigiún ina bhfuil sé suite;

(b) i gcás aerfort lasta, gur 0,2 % ar a laghad de mhéid bliantúil iomlán lasta aerfoirt uile an Aontais atá sa mhéid iomlán bliantúil lasta.

Tá an méid bliantúil iomlán paisinéirí agus an méid bliantúil iomlán lasta bunaithe ar mheánmhéid na dtrí bliana is deireanaí atá ar fáil, arna fhoilsiú ag Eurostat.

*Airteagal 25*

*Ceanglais ó thaobh an Bhonneagair Iompair de*

1. Áiritheoidh na Ballstát go ndéanfaidh gach aerfort atá suite ar a gcríoch críochfort amháin ar a laghad a chur ar fáil a bheidh ar oscailt do gach oibreoir ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus go gcuirfidh sé muirir atá trédhearcach, ábhartha agus cothrom i bhfeidhm.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil feidhm ag comhchaighdeáin bhunúsacha maidir le heitlíocht shibhialta a chosaint ar ghníomhartha de chur isteach neamhdhleathach, mar a ghlac an tAontas iad i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], maidir le bonneagar aeriompair an ghréasáin chuimsithigh.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go n-éascóidh bonneagar um bainistiú aerthráchta cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] agus Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus cur chun feidhme na n-oibríochtaí aeriompair, chun feidhmíocht agus inbhuanaitheacht an chórais eitlíochta Eorpaigh, rialacha cur chun feidhme agus shonraíochtaí an Aontais a fheabhsú.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2320/2002 (IO L 97, 9.4.2008, lch. 72).

2 Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos creat chun Aerspás Eorpach Aonair a chruthú (an creat-Rialachán) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 1).

3 Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le seirbhísí aerloingseoireachta a sholáthar san aerspás Eorpach aonair (an Rialachán maidir le soláthar seirbhísí) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 10).

4 Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le heagrú agus úsáid an aerspáis san aerspás Eorpach aonair (an Rialachán maidir le hAerspás) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 20).

*Airteagal 26*

*Tosaíochtaí d'fhorbairt an bhonneagair aeriompair*

Agus tionscadail leasa choitinn á gcur chun cinn a bhfuil baint acu le bonneagar aeriompair, beidh tosaíocht, anuas ar na tosaíochtaí a leagtar amach in Airteagal 10, ag an méid seo a leanas:

(a) acmhainn aerfort a mhéadú;

(b) tacú le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair agus córas um bainistiú aerthráchta, go háirithe na cinn sin a úsáideann córas SESAR;

(c) idirnaisc ilmhódacha idir aerfoirt agus bonneagar modhanna eile iompair a fheabhsú;

(d) an inbhuanaitheacht a fheabhsú agus tionchar na heitlíochta ar an gcomhshaol a mhaolú;

## ROINN 6

## BONNEAGAR D'IOMPAR ILMHÓDACH

*Airteagal 27*

*Comhpháirteanna an bhonneagair*

Comhlíonfaidh críochfoirt lasta nó ardáin lóistíochta ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas:

(a) beidh athlastáil bliantúil an lasta níos mó ná 800 000 tonna, i gcás lasta nach bulclasta é, nó beidh sé níos mó ná 0.1% den lasta bliantúil iomlán comhfhreagrach a láimhseáiltear i gcalafoirt mhuirí uile an Aontais, i gcás bulclasta;

(b) mura bhfuil aon chríochfort lasta ná ardán lóistíochta a chomhlíonann pointe (a) i réigiún NUTS 2, gurb é an críochfort nó an t-ardán i dtrácht an príomh-chríochfort lasta nó an príomhardán lóistíochta arna ainmniú ag an mBallstát lena mbaineann, agus go bhfuil sé nasctha ar a laghad le bóithre agus le hiarnróid sa réigiún NUTS 2 sin, nó i gcás Ballstát nach bhfuil aon chóras iarnróid iontu, go bhfuil sé nasctha le bóithre agus sin amháin.

*Airteagal 28*

*Ceanglais ó thaobh an bhonneagair iompair de*

1. Áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas ar bhealach cothrom, neamh-idirdhealaitheach:

   (a) go bhfuil modhanna iompair nasctha i gceann amháin de na háiteanna seo a leanas: críochfoirt lasta, stáisiúin phaisinéirí, calafoirt intíre, aerfoirt agus calafoirt mhuirí, ionas go mbeidh iompar ilmhódach paisinéirí agus lasta indéanta;

   (b) gan dochar do dhlí an Aontais is infheidhme agus don dlí náisiúnta is infheidhme, go bhfuil críochfoirt lasta agus ardáin lóistíochta, calafoirt intíre agus mhuirí agus aerfoirt a láimhseálann lasta feistithe chun sreabha faisnéise a sholáthar laistigh den bhonneagar seo agus idir na modhanna iompair feadh an tslabhra lóistíochta. Le córais den sórt sin, táthar chun a chumasú go háirithe faisnéis fíorama faoi acmhainn bhonneagair a chur ar fáil, faoi shreabha tráchta agus faoi shuí, faoi lorgaireacht agus faoi rianú, agus chun sábháilteacht agus slándáil a áirithiú ar feadh na dturas ilmhódach;

   (c) gan dochar do dhlí an Aontais is infheidhme agus don dlí náisiúnta is infheidhme, go n-éascaítear trácht paisinéirí leanúnach ar fud an ghréasáin chuimsithigh trí threalamh iomchuí agus infhaighteacht feidhmchlár teileamaitice i stáisiúin iarnróid, i mbusárais, in aerfoirt agus, i gcás inarb ábhartha, i gcalafoirt mhuirí agus i gcalafoirt intíre.

2. Déanfar críochfoirt lasta a fheisitiú le craenacha, iompróirí, agus fearais eile chun lasta a bhogadh idir modhanna iompair éagsúla agus chun lasta a shuíomh agus a stóráil

*Airteagal 29*

*Tosaíochtaí d'fhorbairt an bhonneagair iompair ilmhódaigh*

Agus tionscadail leasa choitinn á gcur chun cinn a bhfuil baint acu le bonneagar iompair ilmhódach, beidh tosaíocht, anuas ar na tosaíochtaí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 10, ag an méid seo a leanas:

(a) foráil a dhéanamh maidir le hidirnasc agus comhtháthú éifeachtach bhonneagar an ghréasáin chuimsithigh, lena n-áirítear trí bhonneagar rochtana i gcás inar gá agus trí chríochfoirt lasta agus trí ardáin lóistíochta;

(b) na príomhbhacainní teicniúla agus riaracháin ar iompar ilmhódach a bhaint;

(c) sreabhadh rianúil faisnéise a fhorbairt idir na modhanna iompair agus soláthar seirbhísí ilmhódacha agus aonmhódacha ar fud an chórais thras-Eorpaigh iompair a chumasú.

## ROINN 7

## FORÁLACHA COITEANNA

*Airteagal 30*

*Nóid uirbeacha*

Agus an gréasán cuimsitheach i nóid uirbeacha á bhforbairt acu, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas, nuair is féidir:

(a) i gcás iompair phaisinéirí: idirnasc idir bonneagar iarnróid, bóithre agus aeir an ghréasáin chuimsithigh agus, mar is iomchuí, idir bonneagar uiscebhealaí intíre agus bonneagar muirí an ghréasáin chuimsithigh;

(b) i gcás iompair lasta: idirnasc idir bonneagar iarnróid agus bóithre an ghréasáin chuimsithigh agus, mar is iomchuí, idir bonneagar uiscebhealaí intíre, aeir agus muirí an ghréasáin chuimsithigh;

(c) nasc leordhóthanach idir stáisiúin iarnróid, calafoirt nó aerfoirt éagsúla an ghréasáin chuimsithigh laistigh de nód uirbeach;

(d) nasc rianúil idir bonneagar an ghréasáin chuimsithigh agus an bonneagar do thrácht réigiúnach agus áitiúil agus seachadadh éifeachtúil lasta i limistéir uirbeacha, lena n-áirítear comhdhlúthú lóistíochta agus lárionaid dáileacháin;

(e) éifeachtaí diúltacha iompar idirthurais iarnróid agus iompar idirthurais de bhóthar ar limistéir uirbeacha a mhaolú, a bhféadfadh limistéir uirbeacha a sheachthreorú a bheith ar áireamh ina leith;

(f) seachadadh éifeachtúil, ísealtorann, ísealcharbóin lasta i limistéir uirbeacha a chur chun cinn.

*Airteagal 31*

*Feidhmchláir teileamaitice*

1. Beidh feidhmchláir teileamaitice de chineál go gcumasófar bainistiú tráchta agus malartú faisnéise laistigh de na modhanna iompair le haghaidh oibríochtaí iompair ilmhódaigh agus eatarthu agus seirbhísí breisluacha a bhaineann le hiompar, feabhsaithe ar shábháilteacht, slándáil agus feidhmíocht chomhshaoil, agus nósanna imeachta simplithe riaracháin. Le feidhmchláir teileamaitice, éascófar nascadh rianúil idir bonneagar an ghréasáin chuimsithigh agus an bonneagar don iompar réigiúnach agus áitiúil.

2. Úsáidfear feidhmchláir teileamaitice nuair is féidir ar fud an Aontais, ionas go gcumasófar tacar de bhunchumais idir-inoibritheacha a bheithann sna Ballstáit uile.

3. Áireofar na nithe seo a leanas, go háirithe, leis na feidhmchláir Teileamaitice dá dtagraítear san Airteagal seo, i gcás na modhanna iompair faoi seach:

– i gcás iarnród: ERTMS;

– i gcás uiscebhealaí intíre: RIS;

– i gcás iompair de bhóthar: ITS;

– i gcás muiriompair: VTMIS and ríomhsheirbhísí muirí, lena n-áirítear seirbhísí na fuinneoige aonair amhail an fhuinneog aonair mhuirí, córais chomhphobail chalafoirt agus córais ábhartha faisnéise custaim;

– i gcás aeriompair: córais um bainistiú aerthráchta, go háirithe na córais a thig as córas SESAR.

*Airteagal 32*

*Seirbhísí inbhuanaithe iompair lasta*

Tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar thionscadail leasa choitinn a sholáthraíonn seirbhísí éifeachtúla iompair lasta a úsáideann bonneagar an ghréasáin chuimsithigh agus a chuidíonn le hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin agus iarmhairtí eile diúltacha comhshaoil a laghdú, agus arb í is aidhm dóibh:

(a) úsáid inbhuanaithe bonneagair iompair a fheabhsú, lena n-áirítear é a bhainistiú go héifeachtúil;

(b) úsáid seirbhísí iompair nuálaíocha a chur chun cinn, lena n-áirítear trí mhótarbhealaí na farraige, feidhmchláir teileamaitice agus forbairt an bhonneagair chúntaigh, atá riachtanach chun spriocanna de chuid na seirbhísí sin, ar spriocanna maidir leis an gcomhshaol agus maidir le sábháilteacht iad den chuid is mó, a bhaint amach mar aon le struchtúir rialachais ábhartha a bhunú;

(c) oibríochtaí seirbhísí iompair ilmhódaigh a éascú, lena n-áirítear na sreabha faisnéise tionlacain riachtanacha agus comhar idir soláthróirí seirbhísí iompair a fheabhsú;

(d) éifeachtúlacht acmhainní agus carbóin a spreagadh, go háirithe i réimsí na tarraingthe feithiclí, na tiomána/galbhruithe, na pleanála córas agus oibríochtaí;

(e) saintréithe agus feidhmíocht flít, riachtanais riaracháin agus acmhainní daonna a anailísiú agus faisnéis a sholáthar fúthu;

(f) naisc leis na codanna sin den Aontas is leochailí agus is iargúlta a fheabhsú, go háirithe na réigiúin is forimeallaí agus réigiúin oileánacha, iargúlta agus shléibhtiúla.

*Airteagal 33*

*Teicneolaíochtaí nua agus an nuáil*

Ionas go gcoimeádfaidh an gréasáin cuimsitheach suas le forbairtí nuálacha teicneolaíochta agus a n-úsáidí, féachfar leis na nithe seo a leanas a dhéanamh go háirithe:

(a) tacú leis an méid carbóin arna úsáid san iompar a ísliú, agus é sin a chur chun cinn, trí aistriú go teicneolaíochtaí nuálaíocha, inbhuanaithe iompair;

(b) ísliú an mhéid carbóin sna modhanna uile iompair a éascú trí éifeachtúlacht fuinnimh a spreagadh, córais tiomána mhalartacha, lena n-áirítear córais soláthair leictreachais, a thabhairt isteach agus bonneagar comhfhreagrach a sholáthar. Féadfaidh eangacha agus na saoráidí eile is gá le haghaidh an tsoláthair fuinnimh a bheith ar áireamh i mbonneagar den sórt sin, féadfaidh sé an comhéadan feithiclí – bonneagair a chur san áireamh agus féadfaidh sé feidhmchláir teileamaitice a chuimsiú;

(c) sábháilteacht agus inbhuanaitheacht gluaiseacht daoine agus iompar earraí a fheabhsú;

(d) oibriú, bainistiú, inrochtaineacht, idir-inoibritheacht, ilmhódúlacht agus éifeachtúlacht an ghréasáin a fheabhsú, lena n-áirítear trí thicéadú ilmhódach agus comhordú a dhéanamh ar amchláir taistil;

(e) bealaí éifeachtúla a chur chun cinn chun faisnéis inrochtana agus intuigthe a chur ar fáil do na saoránaigh uile maidir le hidirnaisc, idir-inoibritheacht agus ilmhódúlacht;

(f) bearta a chur chun cinn chun costais sheachtracha a laghdú, amhail brú tráchta, dochar don tsláinte agus truailliú de shaghas ar bith, lena n-áirítear torann, agus astaíochtaí;

(g) teicneolaíocht slándála agus caighdeáin sainaitheantais chomhoiriúnacha a thabhairt isteach ar na gréasáin;

(h) seasmhacht i gcoinne an t-athrú aeráide a fheabhsú;

(i) forbairt agus úsáid feidhmchláir teileamaitice a chur chun cinn tuilleadh laistigh de mhodhanna iompair agus eatarthu.

*Airteagal 34*

*Bonneagar sábháilte agus slán*

Tabharfaidh na Ballstáit aird chuí chun a áirithiú go ndéantar foráil sa bhonneagar iompair maidir le gluaiseachtaí sábháilte agus slána paisinéirí agus lasta.

*Airteagal 35*

*Seasmhacht bhonneagair i gcoinne an athraithe aeráide agus seasmhacht i gcoinne tubaistí comhshaoil*

Agus pleanáil bhonneagair á déanamh, tabharfaidh na Ballstáit aird chuí ar sheasmhacht i gcoinne an t-athrú aeráide agus tubaistí comhshaoil a fheabhsú.

*Airteagal 36*

*Cosaint an chomhshaoil*

Cuirfear measúnú comhshaoil ar phleananna agus ar thionscadail i gcrích i gcomhréir le dlí an Aontais maidir leis an gcomhshaol, lena n-áirítear Treoir 92/43/CEE, Treoir 2000/60/CE, Treoir 2001/42/CE, Treoir 2009/147/CE agus Treoir 2011/92/AE.

*Airteagal 37*

*Inrochtaineacht do gach úsáideoir*

Le bonneagar iompair beidh soghluaisteacht rianúil agus inrochtaineacht rianúil ar fáil do na húsáideoirí uile, go háirithe do dhaoine scothaosta, do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus do phaisinéirí atá faoi mhíchumas.

Le dearadh agus tógáil bonneagar iompair, comhlíonfar na ceanglais ábhartha a leagtar síos i ndlí an Aontais.

# CAIBIDIL III
# AN CROÍGHRÉASÁN

*Airteagal 38*

*An croíghréasán a shainaithint*

1. Is éard a bheidh sa chroíghréasán, mar a thaispeántar ar na léarscáileanna in Iarscríbhinn I é, na codanna sin is mó tábhacht straitéiseach den ghréasán cuimsitheach chun cuspóirí bheartas an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a bhaint amach, agus léireofar ann éileamh tráchta atá ag forbairt agus an gá atá le hiompar ilmhódach. Cuideoidh sé, go háirithe, le déileáil le soghluaiseacht mhéadaithe agus áiritheoidh sé ardchaighdeán sábháilteachta agus cuideoidh sé freisin le córas iompair ísealcharbóin a fhorbairt.

2. Beidh an croíghréasán idirnasctha le nóid agus déanfar foráil maidir le nascanna idir na Ballstáit agus le gréasáin bhonneagair iompair na dtíortha comharsanacha.

3. Gan dochar d'Airteagal 1(4) agus d'Airteagal 41(2) agus (3), déanfaidh na Ballstáit na bearta iomchuí chun an croíghréasán a fhorbairt ionas go mbeidh sé ag cloí le forálacha an Chaibidil seo faoin 31 Nollaig 2030.

   I gcomhréir le hAirteagal 54, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur chun feidhme an chroíghréasáin faoin 31 Nollaig 2023.

*Airteagal 39*

*Ceanglais ó thaobh an bhonneagair de*

1. Déanfar teicneolaíochtaí nuálacha, feidhmchláir teileamaitice agus bearta rialála agus rialachais maidir le húsáid bonneagair a bhainistiú a chur san áireamh chun úsáid bonneagair iompair atá tíosach ar acmhainní a áirithiú do phaisinéirí agus d'iompar lasta araon agus chun acmhainn leordhóthanach a sholáthar.

2. Comhlíonfaidh bonneagar an chroíghréasáin na ceanglais uile a leagtar amach i gCaibidil II. Ina theannta sin, comhlíonfaidh bonneagar an chroíghréasáin na ceanglais seo a leanas, gan dochar do mhír 3:

   (a) i gcás bonneagair iompair iarnróid:

      (i) leictriúchán iomlán na rianta líne agus, a mhéid is gá d'oibríochtaí na dtraenacha leictreacha, leictriúchán iomlán na dtaobhlach;

      (ii) línte lasta an chroíghreásáin mar a shonraítear in Iarscríbhinn I: ualach acastóra 22,5 tonna ar a laghad, luas líne 100 km/u agus an fhéidearthacht traenacha a chur ag rith ag a mbeadh fad traenach 740 m;

      (iii) úsáid iomlán ERTMS;

(iv) leithead rianta ainmniúil do línte iarnróid nua: 1 435 mm ach amháin i gcásanna inarsíneadh ar an ngréasán atá sa líne nua a bhfuil leithead rianta aige atá éagsúil ó leithead rianta na bpríomhlínte iarnróid sanAontasEorpach agus ar líne é atá scoite ó na príomhlínte iarnróid sin.

Díolmhaítear gréasáin iargúlta ó cheanglais (i) go (iii);

(b) i gcás bonneagair iompair uiscebhealaí intíre agus muirí:

– infhaighteacht breoslaí glana malartacha;

(c) i gcás bonneagair iompair de bhóthar:

– na ceanglais faoi phointe (a) nó faoi phointe (b) d'Airteagal 17(3);

– forbairt líomatáistí scíthe ar mhótarbhealaí tuairim is gach 100 km, i gcomhréir le riachtanais na sochaí, an mhargaidh agus an chomhshaoil, chun, inter alia, líomatáistí páirceála iomchuí a sholáthar d'úsáideoirí tráchtála bóthair, ina mbeidh leibhéal iomchuí sábháilteachta agus slándála;

– infhaighteacht breoslaí glana malartacha;

(d) i gcás bonneagair aeriompair:

– acmhainneacht chun breoslaí glana malartacha a chur ar fáil.

3. Gan dochar do Threoir 2008/57/CE, arna iarraidh sin do Bhallstát, féadfaidh an Coimisiún díolúintí a dheonú, i ndáil le bonneagar iompair iarnróid, i gcásanna cuí-réasúnaithe i dtaca le fad traenach, le ERTMS, le hualach acastóra, le leictriúchán agus le luas líne.

Arna iarraidh sin do Bhallstát, i ndáil le bonneagar iompair de bhóthar, féadfaidh an Coimisiún díolúintí ó fhorálacha phointe (a) nó phointe (b) d'Airteagal 17(3) a dheonú, i gcásanna cuí-réasúnaithe, fad is a dhéanfar leibhéal iomchuí sábháilteachta a áirithiú.

Áireofar ar na cásanna cuí-réasúnaithe dá dtagraítear sa mhír seo cásanna nach féidir údar cuí a thabhairt i leith infheistíochta i mbonneagar i dtéarmaí costais/sochair agus socheacnamaíocha.

*Airteagal 40*
*An croíghréasán a fhorbairt*

Déanfar an bonneagar iompair atá sa chroíghréasán a fhorbairt i gcomhréir le forálacha comhfhreagracha Chaibidil II.

*Airteagal 41*

*Nóid an chroíghréasáin*

1. Leagtar nóid an chroíghréasáin amach in Iarscríbhinn II agus áirítear an méid seo a leanas orthu:

   (a) nóid uirbeacha, lena n-áirítear a gcalafoirt agus a n-aerfort;

   (b) calafoirt mhuirí agus calafoirt uiscebhealaí intíre;

   (c) pointí trasnaithe teorann chuig tíortha comharsanacha;

   (d) críochfoirt iarnróid;

   (e) aerfoirt phaisinéirí agus lasta.

2. Nascfar na calafoirt mhuirí de chuid an chróighréasáin a shonraítear i gCuid 2 d'Iarscríbhinn II le bonneagar iompair iarnróid agus iompair de bhóthar den ghréasán tras-Eorpach iompair agus, nuair is féidir, le bonneagar iompair d'uiscebhealaí intíre den ghréasán tras-Eorpach iompair faoin 31 Nollaig 2030, ach amháin má choisctear nasc den sórt sin mar gheall ar shrianta fisiceacha.

3. Nascfar na príomhaerfoirt a shonraítear i gCuid 2 d'Iarscríbhinn II le bonneagar iompair iarnróid agus iompair de bhóthar den ghréasán tras-Eorpach iompair faoin 31 Nollaig 2050, ach amháin má choisctear nasc den sórt sin mar gheall ar shrianta fisiceacha. Agus an t-éileamh tráchta ionchasach á chur san áireamh, déanfar aerfoirt den sórt sin a chomhtháthú isteach sa ghréasán iarnróid ardluais aon uair is féidir.

# CAIBIDIL IV
# AN CROÍGHRÉASÁN A CHUR CHUN FEIDHME TRÍ CHONAIRÍ AN CHROÍGHRÉASÁIN

*Airteagal 42*

*Ionstraim chonairí an chroíghréasáin*

1. Is ionstraim iad conairí an chroíghréasáin chun cur chun feidhme comhordaithe an chroíghréasáin a éascú. Chun iompar ilmhódach atá tíosach ar acmhainní a bhaint amach, agus lena rannchuideofar, dá dhroim sin, le comhtháthú trí chomhar críochach feabhsaithe, beidh conairí croíghréasáin dírithe ar na nithe seo a leanas:

   (a) comhtháthú módach,

   (b) idir-inoibritheacht, agus

   (c) bonneagar a fhorbairt ar bhealach comhordaithe, go háirithe ag codanna trasteorann agus ag scrogaill.

2. Le conairí an chroíghréasáin, cuirfear ar chumas na mBallstát cur chuige comhordaithe agus sioncronaithe a bhaint amach maidir le hinfheistíocht i mbonneagar, chun acmhainneachtaí a bhainistiú ar an mbealach is éifeachtúla. Tacóidh conairí an chroíghréasáin le húsáid chuimsitheach corás idir-inoibritheach um bainistiú tráchta agus, nuair is iomchuí, le húsáid nuála agus teicneolaíochtaí nua.

*Airteagal 43*

*Conairí an chroíghréasáin a shainiú*

1. Cumhdaíonn conairí an chroíghréasáin na sreabha fadraoin is tábhachtaí sa chroíghréasán agus tá siad ceaptha, go háirithe, chun feabhas a chur ar naisc trasteorann laistigh den Aontas.

2. Beidh conairí an chroíghréasáin ilmhódach agus beidh siad ar oscailt do gach modh iompair a chumhdaítear sa Rialachán seo a áireamh. Trasnaítear dhá theorainn ar a laghad leo agus baineann ar a laghad trí mhodh iompair leo más féidir, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, mótarbhealaí na farraige.

*Airteagal 44*

*Liosta de chonairí an chroíghréasáin*

1. Leagtar amach liosta na gconairí croíghréasáin i gCuid I den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. …/2013*... Beidh Ballstáit rannpháirteach, de réir mar a fhoráiltear sa Chaibidil seo, sna conairí croíghréasáin sin.

2. Déanfaidh an Coimisiún léarscáileanna táscacha scéimreacha ar chonairí an chroíghréasáin a chur ar fáil i bhformáid a bheidh inrochtana go héasca don phobal.

---

* IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá i ndoic PE-CONS 76/13.

*Airteagal 45*

*Conairí an chroíghréasáin a chomhordú*

1. Chun cur chun feidhme comhordaithe chonairí an chroíghréasáin, ERTMS agus mhótarbhealaí na farraige a éascú, déanfaidh an Coimisiún, le comhaontú na mBallstát lena mbaineann, agus tar éis dó dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle, Comhordaitheoir Eorpach amháin nó níos mó a ainmniú.

2. Roghnófar an Comhordaitheoir Eorpach, go háirithe, ar bhonn an eolais atá aige/aici ar shaincheisteanna a bhaineann le hiompar agus agus le príomhthionscadail a mhaoiniú agus/nó le meastóireacht a dhéanamh orthu ó thaobh na socheacnamaíochta agus an chomhshaoil de, chomh maith leis an taithí atá aige/aici ar institiúidí Eorpacha.

3. Sonrófar sa chinneadh ón gCoimisiún lena n-ainmneofar an Comhordaitheoir Eorpach an bealach ina gcuirfear na cúraimí dá dtagraítear i mír 5 i gcrích.

4. Gníomhóidh an Comhordaitheaoir Eorpach in ainm agus thar ceann an Choimisiúin a chuirfidh an cúnamh rúnaíochta is gá ar fáil. Bainfidh sainchúram an Chomhordaitheora Eorpaigh le conair aonair de chuid an chroíghréasáin nó le cur chun feidhme ERTMS nó le cur chun feidhme mhótarbhealaí na farraige, faoi seach.

5. Déanfaidh an Comhordaitheoir Eorpach an méid seo a leanas:

(a) tacóidh sé le cur chun feidhme comhordaithe chonair an chroíghréasáin lena mbaineann, agus go háirithe le cur chun feidhme tráthúil an phlean oibre do chonair an chroíghréasáin sin;

(b) déanfaidh sé an plean oibre don chonair a tharraingt suas i gcomhar leis na Ballstáit agus faireachán a dhéanamh ar a chur chun feidhme;

(c) rachaidh sé i gcomhairle le Fóram na Conaire i ndáil leis an bplean sin agus i ndáil lena chur chun feidhme;

(d) tuairisceoidh sé do na Ballstáit, don Choimisiún agus, mar is iomchuí, do na heintitis eile go léir a bhfuil baint dhíreach acu le forbairt chonair an chroíghréasáin faoi aon deacracht atá ann agus, go háirithe tráth a mbeidh bac á chur ar fhorbairt conaire, d'fhonn cuidiú le réitigh iomchuí a fháil;

(e) tuarascáil a tharraingt suas gach bliain do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choimisiún agus do na Ballstáit lena mbaineann faoin dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme chonair an chroíghréasáin;

(f) scrúdú a dhéanamh ar an éileamh ar sheirbhísí iompair, ar na féidearthachtaí maidir le maoiniú agus cistiú infheistíochta agus na bearta atá le déanamh agus ar na coinníollacha atá le comhlíonadh chun go n-éascófar rochtain ar an gcistiú nó ar an maoiniú sin agus moltaí iomchuí a thabhairt.

6. Féadfaidh an Comhordaitheoir Eorpach dul i gcomhairle, i dteannta na mBallstát lena mbaineann, le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, le hoibreoirí iompair, le húsáideoirí iompair agus le hionadaithe na sochaí sibhialta i ndáil leis an bplean oibre agus i ndáil lena chur chun feidhme.

7. Comhoibreoidh na Ballstáit lena mbaineann leis an gComhordaitheoir Eorpach agus déanfaidh siad an fhaisnéis is gá chun na cúraimí a fhorordaítear san Airteagal seo a chur i gcrích a thabhairt don Chomhordaitheoir, lena n-áirítear faisnéis faoi chonairí a fhorbairt in aon phleananna ábhartha náisiúnta bonneagair.

8. Gan dochar do dhlí an Aontais is infheidhme agus don dlí náisiúnta is infheidhme, féadfaidh an Coimisiún tuairim an Chomhordaitheora Eorpaigh a iarraidh agus iarratais ar chistiú ón Aontas le haghaidh chonairí an chroíghréasáin á scrúdú aige, conairí a bhfuil an Comhordaitheoir Eorpach freagrach astu, chun comhsheasmhacht agus cur chun cinn gach conaire a áirithiú.

9. Mura bhféadfaidh an Comhordaitheoir Eorpach a shainordú nó a sainordú a chur i gcrích go sásúil agus i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo, féadfaidh an Coimisiún, tráth ar bith, i gcomhaontú leis na Ballstáit lena mbaineann, an sainordú sin a fhoirceannadh. Féadfar duine a ainmniú ina (h)ionad i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i mír 1..

*Airteagal 46*

*Rialachas chonairí an chroíghréasáin*

1. I gcás gach conaire den chroíghréasán, beidh ardrúnaíocht agus fóram comhairleach (Fóram na Conaire) de chúnamh ag an gComhordaitheoir Eorpach ábhartha agus a cuid nó a chuid cúraimí maidir leis an bplean oibre agus a chur chun feidhme á gcur i gcrích aige nó aici. I gcomhaontú leis na Ballstáit lena mbaineann, bunóidh an Comhordaitheoir Eorpach Fóram na Conaire agus beidh sé nó sí ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach air. Comhaontóidh na Ballstáit lena mbaineann ballraíocht Fhóram na Conaire dá gcuid féin de chonaire an chroíghréasáin.

2. Le comhaontú ó na Ballstáit sin, féadfaidh an Comhordaitheoir meithleacha na gconairí a bhunú a bhféadfaidh sé nó sí bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach orthu, agus lena ndíreofar ar an méid seo a leanas

   (a) comhtháthú módach,

   (b) idir-inoibritheacht,

   (c) bonneagar a fhorbairt ar bhealach comhordaithe ag codanna trasteorann.

*Airteagal 47*

*Plean oibre*

1. Cuirfidh gach Comhordaitheoir Eorpach plean oibre lena ndéanfar anailís ar fhorbairt na conaire faoi bhráid na mBallstát lena mbaineann faoi ...[*]. Tar éis do na Ballstáit lena mbaineann an plean oibre a fhormheas, cuirfear an plean oibre, chun críche faisnéise, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin.

   Áireofar leis an bplean oibre, go háirithe, cur síos ar thréithe, ar chodanna trasteorann agus ar chuspóirí chonaire an chroíghréasáin, agus na cuspóirí agus na tosaíochtaí a leagtar amach in Airteagal 4 agus Airteagal 10 á gcur i bhfeidhm. Beidh anailís ar na nithe seo a leanas san áireamh leis an bplean oibre:

   (a) córais idir-inoibritheacha um bainistiú tráchta a úsáid;

   (b) plean chun bacainní fisiceacha, teicniúla, oibríochta agus riaracháin idir modhanna iompair agus laistigh díobh a bhaint agus chun iompar ilmhódach éifeachtúil agus seirbhísí ilmhódacha éifeachtúla a fheabhsú;

   (c) nuair is iomchuí, bearta lena bhfeabhsófar an acmhainn riaracháin agus theicniúil chun tionscadail leasa choitinn a bheartú, a phleanáil, a cheapadh, a sholáthar, a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh orthu;

---

[*] IO: Cuir isteach, le do thoil,dáta: bliain tar éis theacht I bhfeidhm an Rialacháin seo

(d) na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide ar an mbonneagar agus, i gcás inarb iomchuí, bearta atá molta chun seasmhacht i gcoinne an athraithe aeráide a fheabhsú;

(e) bearta atá le glacadh chun astaíochtaí gáis cheaptha teasa, torann agus, de réir mar is iomchuí, iarmhairtí eile diúltacha ar an gcomhshaol a mhaolú.

Áireofar ar an bplean oibre sonraí faoi chomhairliúcháin phoiblí lena dtacaítear le forbairt agus le cur chun feidhme an phlean oibre.

Beidh anailís ar an infheistíocht is gá sa phlean oibre freisin, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

– liosta na dtionscadal chun bonneagar iompair dá dtagraítear in Airteagal 2(2) a leathnú, a athnuachan nó a athúsáid i gcás gach ceann de na modhanna iompair a bhaineann le conair an chroíghréasáin;

– na foinsí éagsúla a bheartaítear, i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann, maidir le cistiú agus maoiniú, ar an leibhéal idirnáisiúnta, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal áitiúil agus ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear, aon uair is féidir, córais thrasmhaoinithe chomharthaithe chomh maith le caipiteal príobháideach, mar aon le méid na ngealltanas atá tugtha cheana agus, i gcás inarb infheidhme, tagairt don ranníocaíocht ón Aontas a bheartaítear faoi chláir airgeadais an Aontais.

2. Faoi réir Airteagal 1(4) agus Airteagal 54, agus tar éis fhormheas na mBallstát lena mbaineann, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh do ghnéithe trasteorann agus cothrománacha phleananna oibre chonaire an chroíghréasáin.

A luaithe a ghlacfar iad, cuirfidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme sin in oiriúint, tar éis fhormheas na mBallstát lena mbaineann, chun an dul chun cinn atá déanta, na moilleanna a bhí ann nó cláir náisiúnta nuachóirithe a chur san áireamh.

Glacfar na bearta cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 52(2).

3. Tacóidh an Comhordaitheoir Eorpach leis na Ballstáit agus an plean oibre á chur chun feidhme acu, go háirithe maidir leis na nithe a leanas:

(a) an phleanáil infheistíochta, na costais ghaolmhara agus amlíne an chur chun feidhme a mheastar is gá chun conairí an chroíghréasáin a chur chun feidhme;

(b) bearta a shainiú atá dírithe ar theicneolaíochtaí nua i mbainistiú tráchta agus acmhainne a thabhairt isteach, agus, i gcás inarb iomchuí, ar chostais sheachtracha a laghdú, go háirithe astaíochtaí gáis cheaptha teasa agus torann.

*Airteagal 48*

*Comhar le Conairí Lasta Iarnróid*

1. Áiritheofar gur leor an comhordú a bheidh ann idir conairí an chroíghréasáin agus na conairí lasta iarnróid dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 913/2010, d'fhonn aon dúbláil gníomhaíochta a sheachaint, go háirithe agus an plean oibre nó meithleacha á mbunú.

2. Beidh forálacha na Caibidile seo gan dochar do na struchtúir rialachais a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 913/2010.

# CAIBIDIL V
# FORÁLACHA COITEANNA

*Airteagal 49*

*Nuashonrú agus tuairisciú*

1. Cuirfidh na Ballstáit an dul chun cinn a dhéanfar maidir le tionscadail a chur chun feidhme in iúl don Choimisiún ar bhonn rialta, cuimsitheach, trédhearcach agus tabharfaidh siad eolas dó freisin faoi na hinfheistíochtaí a dhéanfar chun na críche sin. Áireofar air sin sonraí bliantúla a tharchur a mhéid is féidir tríd an gcóras idirghníomhach faisnéise geografaí agus teicniúla don ghréasán tras-Eorpach iompair (TENtec). Áireofar air na sonraí uile atá ábhartha maidir le tionscadail leasa choitinn a bhfuil maoiniú Aontais á fháil acu.

Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh TENtec ar fáil don phobal agus go mbeidh sé éasca rochtain a fháil air, agus go mbeidh faisnéis a bhaineann go sonrach le tionscadal faoi leith agus faisnéis nuashonraithe ann maidir le foirmeacha agus méideanna an chómhaoinithe ón Aontas agus, chomh maith leis sin, ar an dul chun cinn atá ann maidir le gach tionscadal.

Áiritheoidh an Coimisiún nach gcuirfidh TENtec aon fhaisnéis ar fáil don phobal atá rúnda ó thaobh tráchtála de, nó a bhféadfadh dochar a dhéanamh leis d'aon phróiseas soláthair phoiblí i mBallstát nó a bhféadfadh tionchar neamhchuí a imirt ar an bpróiseas sin.

Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil maidir le cúnamh airgeadais dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais, lena n-áirítear an Ciste Comhtháthaithe, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus Fís 2020, agus i bhfoirm iasachtaí agus ionstraimí maoiniúcháin arna mbunú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta.

2. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún achomaireachtaí ar phleananna agus ar chláir náisiúnta atá á dtarraingt suas acu d'fhonn an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt. Chomh luath agus a ghlacfar iad, cuirfidh na Ballstáit na pleananna agus na cláir náisiúnta chuig an gCoimisiún mar eolas.

3. Gach dhá bhliain amhail ó *, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ar an dul chun cinn atá déanta maidir lena chur chun feidhme, ar tuarascáil í a chuirfear mar eolas faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta agus Choiste na Réigiún. Sa tuarascáil, cumhdófar an úsáid a bhaintear as na foirmeacha éagsúla cúnaimh airgeadais a luaitear i mír 1, do na modhanna éagsúla iompair agus gnéithe eile den chroíghréasán agus den ghréasán cuimsitheach i ngach mBallstát.

Sa tuarascáil, déanfar anailís freisin ar fhorbairt an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. Leagfar amach ann freisin comhordú an Choimisiúin ar fhoirmeacha uile cúnaimh airgeadais d'fhonn tacú le cur i bhfeidhm comhtháite na dtreoirlínte i gcomhréir lena gcuspóirí agus lena tosaíochtaí.

4. Faoi réir an dara mír d'Airteagal 172 CFAE, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 53 den Rialachán seo maidir le hIarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a oiriúnú chun athruithe a d'fhéadfadh teacht as na tairseacha cainníochtúla arna leagan síos in Airteagail 14, 20, 24 agus 27 den Rialachán seo a chur san áireamh. Agus na hIarscríbhinní sin á n-oiriúnú, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(a) cláir lóistíochta, críochfoirt lasta, críochfoirt iarnróid, calafoirt intíre, calafoirt mhuirí agus aerfoirt a áireamh sa ghréasán cuimsitheach, má thaispeántar gur mó an meánmhéid tráchta sa dá bhliain dheireanacha ná an tairseach ábhartha;

---

* IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(b) cláir lóistíochta, críochfoirt lasta, críochfoirt iarnróid, calafoirt intíre, calafoirt mhuirí agus aerfoirt a eisiamh ón ngréasán cuimsitheach, má thaispeántar gur lú an meánmhéid tráchta le sé bliana anuas ná an tairseach ábhartha;

(c) na léarscáileanna le haghaidh bonneagair bhóithre, iarnróid agus uiscebhealaí intíre a choigeartú ar chaoi a bheadh teoranta go daingean chun go léirítear an dul chun cinn agus an gréasán á chur i gcrích. Agus na léarscáileanna sin á gcoigeartú, ní cheadóidh an Coimisiún aon choigeartú ar ailíniú bealaí thar an méid a cheadaítear leis an nós imeachta ábhartha um údarú tionscadail.

Beidh na coigeartuithe faoi phointe (a) agus faoi phointe (b) bunaithe ar na staitisticí is déanaí atá ar fáil, arna bhfoilsiú ag Eurostat nó, mura mbeidh na staitisticí sin ar fáil, ag oifigí staidrimh na mBallstát. Beidh na coigeartuithe faoi phointe (c) bunaithe ar an bhfaisnéis a chuirfidh an Ballstát lena mbaineann ar fáil, i gcomhréir le mír 1.

5. Tionscadail leasa choitinn a bhaineann le bonneagar atá nua-áirithe trí ghníomh tarmligthe sa ghréasán tras-Eorpach iompair, beidh siad incháilithe chun críocha Airteagal 7(5) amhail ó dháta theacht i bhfeidhm na ngníomhartha tarmligthe sin de bhun mhír 4 den Airteagal seo.

Tionscadail leasa choitinn a bhaineann le bonneagar atá eisiata ón ngréasán tras-Eorpach iompair, ní bheidh siad incháilithe a thuilleadh amhail ó dháta theacht i bhfeidhm na ngníomhartha tarmligthe de bhun mhír 3 den Airteagal seo. Ní dhéanfaidh deireadh na hincháilitheachta difear do chinntí maoinithe nó deontais arna nglacadh ag an gCoimisiún roimh an dáta sin.

6. Faoi réir Airteagal 172(2) CFAE, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 53 den Rialachán seo maidir le hIarscríbhinn III a oiriúnú chun léarscáileanna táscacha tíortha comharsanacha a áireamh nó a oiriúnú, bunaithe ar chomhaontuithe ardleibhéil faoi ghréasáin bhonneagair iompair idir an tAontas agus na tíortha comharsanacha lena mbaineann.

*Airteagal 50*

*Rannpháirtíocht le geallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha*

1. Baineann tionscadail leasa choitinn leis na geallsealbhóirí uile lena mbaineann go díreach. D'fhéadfadh eintitis seachas na Ballstáit a bheith ina measc siúd, a bhféadfadh údaráis áitiúla agus réigiúnacha, bainisteoirí agus úsáideoirí bonneagair mar aon le tionsclaíocht agus an tsochaí shibhialta a bheith ar áireamh iontu.

2. Comhlíonfar nósanna imeachta náisiúnta i dtaca le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus i dtaca leis an tsochaí shibhialta a mbíonn tionchar ag tionscadal leasa choitinn uirthi, i gcás inarb iomchuí, nuair atá na tionscadail sna fonsaí tógála agus pleanála. Cuirfidh an Coimisiún malartú dea-chleachtais chun cinn i ndáil leis sin.

3. Féadfaidh na geallsealbhóirí dá dtagraítear i mír 1, faoi chuimsiú raon feidhme a gcuid inniúlachta, de bhreis ar an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus ar an gCiste Comhtháthaithe, úsáid a bhaint as cláir eile shonracha Eorpacha freisin, go háirithe na cinn sin lena dtacaítear leis an bhforbairt réigiúnach, le 'Comhar Críochach Eorpach', le 'Taighde agus Nuáil' nó leis 'an Comhshaol agus gníomhaíocht Aeráide'. Dá dhroim sin, féadfaidh na geallsealbhóirí sin rannchuidiú le cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach agus, anuas air sin, an méid seo a leanas a neartú go sonrach:

(a) cur leis an tsoghluaisteacht réigiúnach, agus dá dhroim sin rochtain a chur chun cinn ar an ngréasán tras-Eorpach iompair, do réigiúin uile an Aontais;

(b) tionscadail trasteorann a chur chun cinn;

(c) nóid uirbeacha a chomhtháthú isteach sa ghréasán tras-Eorpach iompair (lena n-áirítear soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe a chur chun cinn);

(d) réitigh iompair inbhuanaithe a chur chun cinn, amhail inrochtaineacht fheabhsaithe tríd an iompar poiblí, feidhmchláir teileamaitice, críochfoirt idirmhódacha/slabhraí iompair ilmhódaigh, réitigh ílsealcharbóin iompair agus réitigh iompair nualaíocha eile agus feabhsuithe comhshaoil;

(e) cur leis an gcomhar idir na geallsealbhóirí éagsúla.

*Airteagal 51*

*Bunprionsabail chun measúnú a dhéanamh ar anailísí costais/sochair agus socheacnamaíocha agus ar bhreisluach Eorpach.*

Bunaithe ar na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4, foilseoidh an Coimisiún na bunphrionsabail a úsáideann sé chun measúnú a dhéanamh ar anailísí costais/sochair agus socheacnamaíocha agus ar anailísí ar bhreisluach Eorpach maidir le tionscadail leasa choitinn ar ina leith a lorgaítear maoiniú Aontais.

*Airteagal 52*

*An nós imeachta coiste*

1. Beidh coiste de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina dtagraítear don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. I gcás nach dtugann an coiste tuairim uaidh, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú mír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 53*

*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.

2. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 49(4) agus (6) a ghlacadh ar feadh tréimhse cúig bliana ó ......[*]. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a tharraingt suas i ndáil le tarmligean na cumhachta tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe ar feadh tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 49(4) agus (6) a chúlghairm tráth ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht aige ón lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ag dáta ina dhiaidh sin a shonrófar inti. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe agus a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

---

[*] IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 49(4) agus (6) i bhfeidhm ach amháin má tá agóid déanta ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin nó, sula dtéann an tréimhse sin in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 54*

*Athbhreithniú*

1. Faoin 31 Nollaig 2023, cuirfidh an Coimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit mar is iomchuí agus cúnamh á fháil aige ó na Comhordaitheoirí Eorpacha, athbhreithniú i gcrích ar chur chun feidhme an chroíghreásáin ina ndéanfar meastóireacht ar an méid seo a leanas:

(a) comhlíonadh na bhforálacha a leagtar síos sa Rialachán seo;

(b) dul chun cinn i gcur chun feidhme an Rialacháin seo;

(c) athruithe ar shreabha iompair paisinéirí agus lasta;

(d) forbairtí maidir le hinfheistíocht sa bhonneagar náisiúnta iompair;

(e) an gá atá le leasuithe a dhéanamh ar an Rialachán seo.

Sa mheasúnú, déanfar machnamh freisin, inter alia, ar an tionchar atá ag patrúin tráchta atá ag teacht chun cinn agus forbairtí ábhartha maidir le pleananna infheistíochta bonneagair.

De bhreis ar an athbhreithniú sin a dhéanamh, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, measúnú an mbeidh ranna nua, amhail iarthionscadail áirithe tosaíochta trasteorann a liostaítear i gCinneadh Uimh. 661/2010/AE, le cur san áireamh sa chroíghréasán. Cuirfidh an Coimisiún togra reachtach i láthair más iomchuí.

2. Agus an t-athbhreithniú sin á chur i gcrích, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht le fáil amach an gcomhlíonfaidh an croíghréasán dá bhforáiltear sa Rialachán seo forálacha Chaibidil III faoi 2030 agus an staid eacnamaíoch agus bhuiséadach san Aontas agus sna Ballstáit aonair á cur san áireamh. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht freisin, i gcomhairle leis na Ballstáit, le fáil amach ar cheart an croíghréasán a mhodhnú chun forbairtí sna sreabha iompair agus sa phleanáil infheistíochta náisiúnta a chur san áireamh. Féadfaidh an Coimisiún togra maidir leis an Rialachán seo a leasú a chur isteach, más gá.

Maidir leis an togra sin, féadfaidh an Coimisiún an dáta a shonrú ann chun an gréasán cuimsitheach a thabhairt chun críche mar a leagtar síos in Airteagal 9(2).

*Airteagal 55*

*Údarás Teagmhála Aonair*

Féadfaidh Ballstáit Údarás Teagmhála Aonair a cheapadh chun an próiseas chun ceadúcháin a dheonú le haghaidh tionscadal leasa choitinn, go háirithe tionscadail trasteorann, a éascú agus a chomhordú, i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme.

*Airteagal 56*

*Moill i dtabhairt chun críche an chroíghréasáin*

I gcás moille suntasaí i dtosú nó i dtabhairt chun críche na hoibre ar an gcroíghréasán, féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar na Ballstáit lena mbaineann na cúiseanna leis an moill a thabhairt. Tabharfadh na Ballstáit cúiseanna den sórt sin laistigh de thrí mhí. Ar bhonn an fhreagra a thugtar, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann chun an fhadhb ar chúis leis an moill a réiteach.

*Airteagal 57*

*Díolúintí*

Ní bheidh feidhm ag na forálacha a bhaineann le hiarnróid, agus go háirithe ag aon cheanglas chun aerfoirt agus calafoirt a nascadh le hiarnróid, leis an gCipir agus le Málta chomh fada nach mbunófar aon chóras iarnróid ar a gcríoch.

*Airteagal 58*

*Forálacha idirthréimhseacha*

1. Maidir le cinntí um mhaoiniú a ghlactar faoi Chinneadh (CE) Uimh. 680/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], bunaithe ar Chinneadh Uimh. 661/2010/AE, atá á ndéanamh tráth a mbeidh an Rialachán seo ag teacht i bhfeidhm, beidh siad fós faoi réir Chinneadh Uimh. 661/2010/AE sa leagan atá i bhfeidhmroimh an …[*]

2. Déanfar tagairtí do thionscadail tosaíochta mar a liostaítear iad in Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Uimh. 661/2010/AE a fhorléiriú mar thagairtí don 'chroíghréasán' mar a shainmhínítear é sa Rialachán seo.

*Airteagal 59*

*Aisghairm*

Gan dochar d'Airteagal 58 den Rialachán seo agus do phointe (d) d'Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh..../2013[*], déantar Cinneadh 661/2010/AE a aisghairm.

[1] Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 lena leagtar síos rialacha ginearálta maidir le cabhair airgeadais Chomhphobail a dheonú i réimse na ngréasán tras-Eorpach iompair agus fuinnimh, (IO L 162, 22.6.2007, lch.1).

[*] IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta: lá amháin roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

[*] IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá i ndoic PE-CONS 76/13.

*Airteagal 60*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |